

**Treoirínite do Ghníomhairí Náisiúnta agus
Daoine Ainmnithe Páirtithe Polaitíochta agus
Tríú Páirtithe**

ar

**Chaiteachas Toghcháin, Teorainneacha Caithimh
agus Cuntais Síntiúis Pholaitíochta a Nochtadh**

sna

Toghcháin Áitiúla

i mí 7 Meithimh 2024

Foilsithe ag Comhairle Chontae Uibh Fhailí

Aibreán 2024

CLÁR ÁBHAIR

	Leathanach
Réamhrá agus Achoimre	5
Cuid 1 – Ginearálta	
1.1 Céard é gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta?	10
1.2 Céard é ‘duine ainmnithe’ páirtí polaitíochta?	10
1.3 Céard iad na teorainneacha caithimh a bheidh i bhfeidhm d’iarrthóirí?	10
1.4 Céard iad na socruithe atá déanta maidir le hiarrthóirí páirtí polaitíochta agus céard iad na teorainneacha caithimh a bhaineann leis an ngníomhaire náisiúnta?	10
1.5 Conas is féidir le ‘duine ainmnithe’ caiteachas a thabhtú?	11
1.6 Achoimre ar mhéideanna teorann caithimh	12
1.7 Cén tréimhse ar gá caiteachais toghcháin tabhaithe a nochtadh lena haghaidh?	12
1.8 Céard atá i gceist le caiteachais toghcháin?	13
1.9 Cén caiteachas nach bhfuil san áireamh sa sainmhíniú ar chaiteachais toghcháin?	15
1.10 Caiteachais toghcháin a íoctar as cistí poiblí	17
1.11 Caiteachas a bhaineann le Toghcháin Pharlaimint na hEorpa	18
1.12 Céard é an difríocht idir caiteachas tabhaithe ag páirtí polaitíochta i dtoghlimistéar áitiúil agus ag leibhéal náisiúnta?	19
Cuid 2 – Caiteachas toghcháin tabhaithe ag gníomhaire náisiúnta, duine ainmnithe nó tríú páirtí	
2.1 Cé atá in ann caiteachais toghcháin a thabhtú thar ceann páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil?	22
2.2 An féidir leis an ngníomhaire náisiúnta nó duine údaraithe páirtí polaitíochta caiteachais a thabhtú thar ceann iarrthóra i dtoghchán áitiúil?	22

2.3	An féidir le hiarrthóir caiteachas a thabhtú thar ceann páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil?	22
2.4	An féidir le daoine údaraithe caiteachas a thabhtú thar ceann gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe i dtoghchán áitiúil?	22
2.5	Conas a chaitear le caiteachas tabhaithe ag comhlacht thar ceann páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil?	22
2.6	An féidir le daoine nach bhfuil aon bhaint acu le páirtí polaitíochta nó le hiarrthóir caiteachais a thabhtú thar ceann an pháirtí sin i dtoghchán áitiúil?	23
2.7	An bhfuil gá le fianaise ar chaiteachais tabhaithe thar ceann páirtí polaitíochta nó tríú páirtí?	24
2.8	Cé atá in ann fógraín agus fógraí a chur ar fáil atá ag tacú le páirtí polaitíochta nó ag cur i gcoinne páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil?	24
2.9	Conas a chaitear le conarthaí déanta ag páirtí polaitíochta, nó thar ceann páirtí polaitíochta?	25
2.10	Conas a chaitear le hearraí a chuirtear ar fáil do pháirtí polaitíochta saor in aisce nó ar phraghas níos lú ná an praghas tráchtála?	25
2.11	Cén tréimhse atá sonraithe chun éilimh a dhéanamh in aghaidh gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe nó tríú páirtí maidir le caiteachais toghcháin?	26
2.12	Conas a chaitear le héilimh dhíospóidte a bhaineann le caiteachais toghcháin?	26
2.13	Céard é oifig an ghníomhaire náisiúnta nó an duine ainmnithe?	26
2.14	Conas a chaitear le caiteachais toghcháin a thabhaítear roimh cheapadh gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe?	27

Cuid 3 – Ráiteas caiteachas toghcháin agus dearbhú reachtúil

3.1	Céard é ráiteas caiteachas toghcháin?	28
3.2	Céard é dearbhú reachtúil?	28
3.3	Cá háit ar chóir ráiteas agus dearbhú reachtúil a sholáthar?	28

3.4	Céard a dhéanann an t-údarás áitiúil leis na ráitis caiteachas toghcháin agus leis na dearbhuithe reachtúla a thugtar dó?	29
-----	---	----

Cuid 4 – Síntiúis thoirmisceithe agus Cuntais Síntiúis Pholaitíochta

4.1	Síntiúis Thoirmisceithe	30
4.2	Síntiúis chorparáideacha	30
4.3	Céard ba chóir do pháirtí polaitíochta nó do thríú páirtí a dhéanamh má fhaigheann sé nó sí síntiúis toirmisceithe?	31
4.4	Tríú Páirtí agus Cuntas Síntiúis Pholaitíochta	31

Cuid 5 – Cionta agus pionóis

5.1	Céard iad na cionta a bhaineann le gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe i dtoghchán áitiúil?	33
5.2	Céard iad na cionta a bhaineann le duine (tríú páirtí) a thabhaíonn caiteachais faoi alt 6(7) den Acht i dtoghchán áitiúil?	33
5.3	Céard iad na cionta a bhaineann le foilsitheoir nuachtáin, irise nó foilseacháin thréimhsiúil eile?	33
5.4	Céard iad na pionóis a bhaineann le cionta faoin Acht?	34

Aguisín 1 Ráiteas ó Ghníomhaire Náisiúnta/Duine Ainmnithe/Tríú Páirtí

Aguisín 2 Teorainneacha caithimh a bhaineann le gach toghlimistéar áitiúil aonair

RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE

Réamhrá

Foráiltear san *Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999* (“an tAcht”), do chóras nochta caiteachais agus síntiús i dtoghcháin áitiúla. Baineann na treoirlínte seo le hoibleagáidí reachtúla **gníomhairí náisiúnta, daoine ainmnithe** agus daoine nach bhfuil aon bhaint acu le páirtí polaitíochta nó le hiarrthóir (**tríú páirtithe**) sna toghcháin áitiúla atá le tarlú go luath agus eisítear iad de bhua alt 18(6) den Acht. Tá treoirlínte d’iarrthóirí ar fáil in imleabhar ar leithligh.

Ó reáchtáladh na toghcháin áitiúla dheireanacha in 2019 tá na teorainneacha caithimh atá i bhfeidhm le haghaidh toghchán áitiúil athbhreithnithe de réir na n-athruithe atá tagtha ar an bpraghasinnéacs tomhaltóirí. Ní dhearnadh aon athrú reachtach eile ar na rialacha a bhaineann le caitheamh toghcháin agus síntiúis a chuirtear i bhfeidhm i dtoghcháin áitiúla. Tá léargas le fáil sna treoirlínte seo ar an seasamh reatha: -

- Ag brath ar dhaonra an toghlimistéir áitiúil ábhartha, beidh an teorainn chaithimh d’iarrthóirí i dtoghcháin áitiúla 2024 cothrom le €15,350, €3,600 nó €1,500;
- Ní mór do ‘tríú páirtí’ clárú lena (h)údarás áitiúil má fhaigheann sé nó sí síntiús polaitíochta atá cothrom le níos mó ná €100;
- Tá an síntiús uasta is féidir le páirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh leis cothrom le €2,500;
- Tá an síntiús uasta ar féidir le comhalta d’údarás áitiúil nó iarrthóir toghcháin áitiúil glacadh leis cothrom le €1,000;
- Is é €100 an t-uasmhéid ar féidir glacadh leis mar shíntiús anaithnid;
- Tá cosc ar ghlacadh le síntiús sa bhreis ar €200 ó dheontóir corparáideach mura bhfuil an deontóir cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus mura dtugtar ráiteas don fhaighteoir ag deimhniú go bhfuil an síntiús ceadaithe ag an deontóir corparáideach ábhartha;
- Tá cosc ar ghlacadh le haon síntiús airgid níos mó ná €200;
- Sa chás go dtugtar síntiús trí idirghabhálaí, ní mór céannacht an duine a bhfuil an síntiús á dhéanamh thar a c(h)eann a chur ar fáil don fhaighteoir. Is cion é mainneachtain an fhaisnéis seo a sholáthar.

Achoimre ar fhreagrachtaí agus ceanglais

- Forchuireann an tAcht raon ceanglas reachtúil ar ghníomhairí náisiúnta, daoine ainmnithe agus tríú páirtithe i dtoghcháin áitiúla.

- Gníomhaire Náisiúnta

Ní mór do pháirtithe polaitíochta, seachas páirtí atá cláraithe chun páirt a ghlacadh i dtoghchán i gcuid den Stát, a fhíordheimhniú iarrthóireacht iarrthóra i dtoghchán áitiúil, an méid seo a leanas a dhéanamh: -

- gníomhaire náisiúnta a cheapadh sula dtabhaítear aon chaiteachas; agus
- fógra a chur chuig an údarás áitiúil sonraithe (i.e. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) maidir le hainm an ghníomhaire náisiúnta agus a s(h)eoladh oifige.

Ní mór don ghníomhaire náisiúnta, laistigh de 90 lá i ndiaidh an lae vótála i dtoghchán, an méid seo a leanas a chur ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: -

- ráiteas faoin gcaiteachas toghchán ar fad tabhaithe; agus
- dearbhú reachtúil ina dtugtar le fios, chomh fada agus is eol dó nó di, go bhfuil an ráiteas ceart agus go bhfuil gach beart réasúnach déanta chun cruinneas an ráitis a chinntiú.

Féadfaidh páirtí polaitíochta iarrthóir a cheapadh mar ghníomhaire náisiúnta.

Meastar go leithdháileann gach iarrthóir de pháirtí polaitíochta 10% dá t(h)eorainn chaithimh infheidhme dá p(h)áirtí polaitíochta go huathoibríoch. Is féidir an céatadán a athrú, áfach, trí chomhaontú i scríbhinn idir an t-iarrthóir agus an gníomhaire náisiúnta. Ba chóir don ghníomhaire náisiúnta cóip de na comhaontaithe seo i scríbhinn (más cuí) a choimeád le hiniúchadh ag an údarás áitiúil sonraithe, más gá.

Tá an caiteachas uasta is féidir leis an ngníomhaire náisiúnta a thabhtú cothrom le comhiomlán na méideanna leithdháilte ag iarrthóirí a p(h)áirtí (tríd an 10% leithdháilte go huathoibríoch, nó méideanna malartacha comhaontaithe i scríbhinn idir an gníomhaire náisiúnta agus an t-iarrthóir).

- Duine Ainmnithe

Ní mór do pháirtithe polaitíochta atá ag glacadh páirt i dtoghchán áitiúil an méid seo a leanas a dhéanamh: -

- duine ainmnithe a cheapadh sula dtabhaítear aon chaiteachas i dtoghlímistéar áitiúil; agus
- fógra a chur chuig an údarás áitiúil ábhartha (an t-údarás a bhfuil an t-iarrthóir ag iarraidh go dtoghfad é nó í mar chomhalta de) maidir le hainm agus seoladh oifige an duine ainmnithe.

Ní mór don duine ainmnithe, laistigh de 90 lá i ndiaidh an lae vótála i dtoghchán, an méid seo a leanas a chur ar fáil don údarás áitiúil ábhartha: -

- ráiteas faoin gcaiteachas toghcháin ar fad tabhaithe; agus
- dearbhú reachtúil ina dtugtar le fios, chomh fada agus is eol dó nó di, go bhfuil an ráiteas ceart ó thaobh ábhair de agus go bhfuil gach beart réasúnach déanta chun cruinneas an ráitis a chinntiú.

Féadfaidh páirtí polaitíochta iarrthóir a cheapadh mar dhuine ainmnithe.

Tagann caitheamh an duine ainmnithe ón gcion den teorainn chaithimh atá leithdháilte ag iarrthóirí ar an ngníomhaire náisiúnta (i.e. an 10% atá leithdháilte go huathoibríoch ar an bpáirtí nó an céatadán malartach atá comhaontaithe i scríbhinn). Ní mór go mbeadh an méid caiteachais a cheadaítear don duine ainmnithe a thabhtú údaraithe trí chomhaontú i scríbhinn idir an gníomhaire náisiúnta agus an duine ainmnithe.

- Duine Neamhbhainteach/Tríú Páirtí

Ceanglaíonn Alt 6(7) den Acht ar aon duine nach bhfuil baint aige nó aici le páirtí polaitíochta nó iarrthóir a bhfuil sé beartaithe aige nó aici caiteachas a thabhtú i ndáil le toghchán áitiúil, clárú leis an údarás áitiúil. Ní mór do na daoine sin tuairisceán caiteachais a dhéanamh laistigh de 90 lá i ndiaidh an lae vótála i dtoghchán.

- Cuntas Síntiúis Pholaitíochta

Chun críocha síntiúis, sainmhínítear tríú páirtí mar seo a leanas san Acht:

ciallaíonn ‘tríú páirtí’, maidir le toghchán áitiúil, pobalbhreith nó feachtas, duine ar bith, seachas páirtí polaitíochta a chláraigh i gClár na bPáirtithe Polaitíochta faoi Chuid III d’Acht 1992 nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, in aon bhliain ar leith, le síntiús atá níos mó ná €100.

Más rud é, in aon bhliain ar leith, go bhfaigheann a leithéid de dhuine aonair nó grúpa síntiús níos mó ná €100 do chríoch pholaitíochta*, ceanglaítear air clárú leis an údarás áitiúil sa limistéar feidhme lena mbaineann an cheist pholaitíochta áitiúil.

Ní mór d’aon tríú páirtí dá leithéid an méid seo a leanas a dhéanamh: -

- cuntas a oscailt in institiúid airgeadais sa Stát má fhaigheann sé nó sí síntiús airgid chun críocha polaitíochta i mbliain amháin a sháraíonn €100, agus an síntiús sin agus aon síntiús airgid eile a fhaightear i rith na bliana a thaisceadh; agus
- ráiteas a chur ar fáil don údarás áitiúil iomchuí, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, ina shonraítear na hidirbhearta atá curtha i gcrích ar an gcuntas sin.

- Síntiúis Thoirmisce

Tá toirmeasc ar pháirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh le **síntiús anaithnid** atá níos mó ná €100. Glactar leis go bhfuil síntiús anaithnid mura bhfuil ainm agus seoladh an deontóra ar eolas ag páirtí polaitíochta nó tríú páirtí.

Chomh maith leis sin, tá páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe toirmisce ó ghlacadh le síntiús, nó síntiúis, ó dhuine sa bhliain féilire chéanna atá cothrom le luach **níos mó ná €2,500** nó aon síntiús ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtír éigin eile nó ó chuideachta nach bhfuil oifig aici ar oileán na hÉireann óna bhfuil ceann amháin nó níos mó dá príomhghníomhaíochtaí á stiúradh. **Síntiúis eachtracha** a thugtar orthu seo.

Tá páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe toirmisce ó ghlacadh le síntiús i bhfoirm airgid atá níos mó ná €200.

Níl cead ag páirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh le **síntiús corparáideach** atá níos mó ná €200 mura bhfuil an deontóir cláraithe leis an Oifig um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus mura gcuirtear ráiteas ar fáil don fhaighteoir ina ndeimhnítear go bhfuil an síntiús faofa ag comhaltaí, scairshealbhóirí nó iontaobhaithe an deontóra chorparáidigh lena mbaineann.

- Cionta agus Pionóis

Foráiltear san Acht do chionta agus pionóis a bhaineann le neamhchomhlíonadh a fhorálacha.

- Tá cóip den ráiteas atá le comhlánú ag gníomhaire náisiúnta/duine ainmnithe/tríú páirtí le fáil in Aguisín 1.
- Tá táblaí ina bhfuil sonraí maidir leis na teorainneacha caithimh a bhaineann le gach toghlimistéar áitiúil laistigh de gach údarás áitiúil le fáil in Aguisín 2.

***Ciallaíonn críocha polaitíochta: -**

- leasanna páirtí polaitíochta nó comhalta d'údarás áitiúil a chur chun cinn, go díreach nó go neamhdhíreach, nó a chur ina gcoinne, nó
- beartais nó beartas áirithe de chuid páirtí polaitíochta nó comhalta d'údarás áitiúil nó tríú páirtí a chur i láthair go díreach nó go hindíreach, nó
- tráchtanna páirtí polaitíochta, comhalta údaráis áitiúil, nó tríú páirtí maidir le beartas nó beartais de chuid páirtí polaitíochta nó comhalta d'údarás áitiúil, tríú páirtí nó iarrthóir eile sa toghchán nó sa phobalbhreith nó feachtas nó eile a chur i láthair go díreach nó go hindíreach,

- leasanna tríú páirtí a chur chun cinn nó cur ina gcoinne, go díreach nó go neamhdhíreach, i ndáil le stiúradh nó le bainistiú aon fheachtais a sheoltar d'fhonn toradh áirithe a chur chun cinn nó a fháil i dtaca le pobalbhreith nó ábhar polaitíochta áitiúil, nó
- toghadh iarrthóra sa toghchán a chur chun cinn, go díreach nó go neamhdhíreach, nó cur ina choinne, nó vótaí a shireadh ar son nó i gcoinne iarrthóra nó beartais nó beartas áirithe de chuid iarrthóra nó tuairimí an iarrthóra maidir le haon ní i dtaca leis an toghchán nó tráchtanna iarrthóra maidir le beartas nó beartais de chuid páirtí polaitíochta nó tríú páirtí nó aon iarrthóir eile sa toghchán nó eile a chur i láthair,
- tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin, na pobalbhreithe nó feachtais ar shlí eile.

CUID 1 – GINEARÁLTA

1.1 Céard é gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta?

Ní mór do gach páirtí polaitíochta (seachas páirtithe atá cláraithe chun páirt a ghlacadh i dtoghchán i gcuid ar leithligh den Stát) **gníomhaire náisiúnta** a cheapadh de réir alt 7 den Acht agus ní mór dó ainm an ghníomhaire agus seoladh a (h)oifige a chur ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (i.e. mar an t-údarás áitiúil sonraithe). Ní mór an fógra seo a thabhairt tráth nach déanaí ná an lá deiridh a nglactar le hainmniúcháin i dtoghchán. Mura gcuirtear fógra maidir leis an gceapachán ar fáil, meastar go bhfuil oifigeach iomchuí an pháirtí, ceaptha faoi alt 71 den *Acht Toghcháin, 1997*, ina g(h)níomhaire náisiúnta. Mura bhfuil oifigeach iomchuí ar fáil, meastar go bhfuil ceannaire an pháirtí ceaptha.

1.2 Céard é ‘duine ainmnithe’ páirtí polaitíochta?

Ní mór do gach páirtí polaitíochta a bhfuil iarrthóir aige i dtoghlimistéar áitiúil **duine ainmnithe** a cheapadh i ngach limistéar de réir alt 8 den Acht agus ainm an duine ainmnithe agus seoladh a (h)oifige a chur in iúl don údarás áitiúil ábhartha (i.e. an t-údarás a bhfuil an t-iarrthóir ag iarraidh go dtoghfar é nó í mar chomhalta de). Ní mór an fógra seo a thabhairt tráth nach déanaí ná an lá deiridh a nglactar le hainmniúcháin i dtoghchán. Mura gcuirtear fógra maidir leis an gceapachán ar fáil, meastar go bhfuil oifigeach iomchuí an pháirtí, ceaptha faoi alt 71 *d’Acht Toghcháin, 1997* ag feidhmiú mar dhuine ainmnithe don limistéar ábhartha. Mura bhfuil oifigeach iomchuí ar fáil, meastar go bhfuil ceannaire an pháirtí ceaptha.

1.3 Céard iad na teorainneacha caithimh a bheidh i bhfeidhm d’iarrthóirí?

Tá na teorainneacha seo leagtha amach in alt 12A(1) den Acht arna leasú ag *an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014*. Beidh scála aistriitheach lena mbaineann trí theorainn chaithimh ar leithligh, bunaithe ar an daonra i ngach toghlimistéar aonair, i bhfeidhm. Beidh teorainn uasta de €15,350 i bhfeidhm sna limistéir ina bhfuil an daonra is airde, agus beidh teorainn de €13,600 agus €1,500 i bhfeidhm i ndáil le hiarrthóirí i dtoghlimistéir áitiúla eile, ag brath ar an daonra. Tá na teorainneacha caithimh atá i bhfeidhm i ngach toghcheantar áitiúil aonair ar fáil sna táblaí in [Aguisín 2](#).

1.4 Céard iad na socrúithe atá déanta maidir le hiarrthóirí páirtí polaitíochta agus céard iad na teorainneacha caithimh a bhaineann leis an ngníomhaire náisiúnta?

Beidh na teorainneacha caithimh do na toghcháin áitiúla i bhfeidhm i ndáil le hiarrthóirí aonair ar an gcéad ásc. Faoi Alt 12(1)(c) den Acht, glactar leis go leithdháilfidh iarrthóirí atá ainmnithe ag páirtí polaitíochta 10% dá dteorainn chaithimh do ghníomhaire náisiúnta an pháirtí go huathoibríoch. Mar shampla, mheasfaí go leithdháilfeadh iarrthóir páirtí a mbeadh €15,350 de theorainn aige nó aici €1,535 go huathoibríoch lena úsáid ag an bpáirtí. €13,815 an teorainn iarbhír a bheadh acu.

Tá cead ann, áfach, an figiúr 10% a athrú suas nó síos. Sa chás go sanntar céatadán malartach de theorainn iarrthóra (seachas 10%) dá p(h)áirtí polaitíochta, foráiltear an

méid seo a leanas san Acht “*comhaontaithe i scríbhinn idir an t-iarrthóir agus gníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta*”.

Ní shonraítear san Acht cathain ba chóir an comhaontú i scríbhinn a dhéanamh idir an t-iarrthóir agus an gníomhaire náisiúnta. Tá sé inmholta, áfach, an comhaontú seo a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Ar an gcuma chéanna, ní chuireann an tAcht bac ar athchaibidlíocht ar an méid atá comhaontaithe trí shannadh scríofa.

Sa chás go ndéantar comhaontú i scríbhinn, ba chóir go sonrúfaí go soiléir an céatadán malartach (seachas 10%) agus an méid sannta ón iarrthóir don ghníomhaire náisiúnta. Ba chóir go mbeadh sé sínithe ag an iarrthóir agus ag an ngníomhaire náisiúnta **araon**. Níor chóir go sáródh iomlán na méideanna atá sannta don ghníomhaire náisiúnta agus an méid atá coinnte ag an iarrthóir teorainn chaithimh iomlán an iarrthóra. Nuair a bhíonn a ráiteas caiteachais á chur isteach aige nó aici i ndiaidh an toghcháin, ní mór don ghníomhaire náisiúnta sonraí maidir leis na comhaontuithe i scríbhinn a rinneadh a chur san áireamh sa mhír chuí den fhoirm. San áireamh anseo tá ainmneacha an iarrthóra faoi seach a ndearnadh na comhaontuithe i scríbhinn leis nó léi agus, i ngach cás, an céatadán agus méid malartach a comhaontaíodh.

Ní gá cóipeanna de na comhaontuithe i scríbhinn a chur san áireamh leis an ráiteas ón ngníomhaire náisiúnta curtha faoi bhráid an údaráis áitiúil. **Más cuí, ba chóir cóipeanna de na comhaontuithe i scríbhinn a choinneáil ar fhaitíos go mbíonn siad ag teastáil ón údarás áitiúil sonraithe.**

Sa chás nach ndéantar aon chomhaontú i scríbhinn, cionroinnfear 10% de theorainn chaithimh an iarrthóra don ghníomhaire náisiúnta go huathoibríoch.

Chomh maith leis sin, foráiltear sa ráiteas caiteachas toghcháin curtha ar fáil ag an ngníomhaire náisiúnta do shonraí atá le cur ar fáil faoi chostais toghcháin iarrthóirí sannta don ghníomhaire náisiúnta, sa chás nach ndearnadh **aon** chomhaontú i scríbhinn ina leagtar amach céatadán malartach seachas an 10% a mheastar a bheith sannta go huathoibríoch (féach ar fhoirm an ráitis caiteachas toghcháin in Aguisín 1).

Ba chóir don ghníomhaire náisiúnta sonraí maidir le hainmneacha iarrthóirí agus na toghlimistéir inar iarrthóirí iad a choinneáil ar fhaitíos go mbíonn siad ag teastáil ón údarás áitiúil sonraithe.

1.5 Conas is féidir le ‘duine ainmnithe’ caiteachas a thabhtú?

Ceapann gníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta duine ainmnithe agus is féidir leis an duine sin caiteachas a thabhtú thar ceann an pháirtí laistigh de thoghlimistéar áitiúil. Tagann caitheamh an duine ainmnithe ón gcion den teorainn chaithimh atá leithdháilte ag iarrthóirí ar an ngníomhaire náisiúnta (i.e. an 10% atá leithdháilte go huathoibríoch ar an bpáirtí nó an céatadán malartach atá comhaontaithe i scríbhinn).

Foráiltear le halt 12A(1)(c)(iii) den Acht nach mór an méid caithimh a bhfuil cead ag an duine ainmnithe a thabhtú a chomhaontú i scríbhinn idir an gníomhaire náisiúnta agus an duine ainmnithe.

Foráiltear le fo-alt (3) d'alt 12A den Acht nach gceadaítear do chomhiomlán na gcaiteachas toghcháin is féidir leis an ngníomhaire náisiúnta agus duine ainmnithe páirtí a thabhtú thar ceann an pháirtí laistigh de thoghlímistéar áitiúil suim mhéideanna na gcaiteachas toghcháin do gach iarrthóir den pháirtí sin, sa toghlímistéar áitiúil sin, atá leithdháilte ar an ngníomhaire náisiúnta, a sháru.

Mar shampla, má tá triúr iarrthóirí ag páirtí i dtoghlímistéar áitiúil agus má tá teorainn chaithimh an iarrthóra cothrom le €15,350, agus mura bhfuil aon chomhaontú i scríbhinn déanta idir na hiarrthóirí agus an ngníomhaire náisiúnta, bheadh an caitheamh uasta a d'fhéadfadh an duine ainmnithe a thabhtú thar ceann an pháirtí sa toghlímistéar áitiúil cothrom le €4,605 (€1,535 x 3 iarrthóir). Ba chóir a thabhairt faoi deara arís gur chóir go mbeadh údarú scríofa ón ngníomhaire náisiúnta chun caiteachas a thabhtú ag an duine ainmnithe.

1.6 Achoimre ar mhéideanna teorann caithimh

Toghlímistéar Áitiúil	Teorainn Chaithimh an Iarrthóra	10% den Teorainn le Leithdháileadh ar an nGníomhaire Náisiúnta (Iarrthóirí Páirtí Polaitíochta)	Teorainn Chaithimh Éifeachtach (Iarrthóirí Páirtí Polaitíochta)
toghlímistéar áitiúil le daonra de níos mó ná 35,000	€15,350	€1,535	€13,815
toghlímistéar áitiúil le daonra idir 18,001 agus 35,000	€13,600	€1,360	€12,240
toghlímistéar áitiúil le daonra de 18,000 nó níos lú	€1,500	€1,150	€10,350

1.7 Cén tréimhse ar gá caiteachais toghcháin tabhaithe a nochtadh lena haghaidh?

Sonraítear in Alt 12B den Acht go socrófar an tréimhse chaiteachais le hordú a dhéanfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus nach mór di tosú idir 50 agus 60 lá roimh an lá vótála, agus críochnú ar an lá vótála. Ní mór d'iarrthóirí caitheamh toghcháin tabhaithe i rith na tréimhse seo a nochtadh. Tá an caiteachas a thabhaítear chun críche toghcháin i rith na tréimhse seo faoi réir na dteorainneacha caithimh a bhfuil cur síos déanta orthu cheana féin.

Foráladh san *Ordú fán Acht um Thoghcháin Áitiúla (Sintíúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 (An Tréimhse chun Caiteachais Toghcháin a Ríomh), 2024* (I.R. Uimh. 135 de 2024) do thosach na tréimhse caithimh i mí Aibreáin 2024; tiocfaidh deireadh leis an tréimhse ar an lá vótála i Meitheamh 2024. Ba chóir go mbeadh faisnéis maidir leis an teorainn chaithimh ar fáil ó gach údarás áitiúil; tá preasráiteas ar

fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag www.housing.gov.ie.

Chomh maith leis sin, ní mór cuntas a thabhairt ar chaiteachais tabhaithe i ndáil leis na toghcháin áitiúla, roimh an tréimhse seo, sa ráiteas ar chostais toghcháin atá le tabhairt don údarás áitiúil nó don údarás áitiúil sonraithe (féach Cuid 3), má bhaineann na costais le maoin, earraí nó seirbhísí atá le húsáid sa toghchán i rith thréimhse chaithimh an toghcháin. Mar shampla, ní mór cuntas a thabhairt ar phóstaeir nó bileoga ordaithe agus íochta roimh thréimhse an chaithimh toghcháin, ach úsáidte i rith thréimhse an chaithimh toghcháin.

Ní bheidh sé riachtanach cuntas a thabhairt ar chaiteachais nó íocaíochtaí tabhaithe i ndáil le maoin, earraí nó seirbhísí a úsáideadh roimh thosach thréimhse an toghcháin nó i ndiaidh thréimhse an toghcháin. San áireamh anseo bheadh póstaeir toghcháin a bhaint (má bhaintear a leithéid i ndiaidh an lae vótála). Sa chás go dtabhaítear caiteachais ar mhaoin, earraí nó seirbhísí a páirtúsáideadh i rith thréimhse an toghcháin, beidh sé riachtanach cuntas a thabhairt ar an gcuid a úsáideadh i rith thréimhse an toghcháin.

Ní gá cuntas a thabhairt ar ábhar a foilsíodh ar an Idirlíon nach bhfuil baint dhíreach aige le tréimhse an toghcháin áitiúil agus a réamhdhátaíonn an tréimhse sin sa ráiteas caiteachas toghcháin. San áireamh anseo, mar shampla, bheadh sean-phreasráitis agus ábhar poiblíochta atá fós ar fáil ar shuíomh gréasáin i rith thréimhse chaithimh an toghcháin.

Má fhoilsítear fógra i nuachtán nó i bhfoilseachán tréimhsiúil eile ar a bhfuil dáta foilseacháin (i.e. an dáta priontáilte ar an bpáipéar), atá i rith thréimhse an toghcháin, glacfar leis an bhfógra mar chaiteachas toghcháin. Má tá an dáta foilsithe a thaispeántar ar an bhfoilseachán roimh nó i ndiaidh thréimhse an toghcháin, ní ghlacfar leis an bhfógra mar chaiteachas toghcháin.

Baineann Alt 6 den Acht le daoine neamhbhainteacha/tríú páirtithe a thabhaíonn caiteachais toghcháin – féach alt 2.5.

1.8 Céard atá i gceist le caiteachais toghcháin?

Ciallaíonn caiteachais toghcháin, in Alt 6 den Acht, an caiteachas go léir tabhaithe chun críocha toghcháin d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh: -

- (i) leasanna páirtí polaitíochta a chur chun cinn, go díreach nó go neamhdhíreach, nó cur ina gcoinne, go díreach nó go neamhdhíreach, nó beartais nó beartas áirithe de chuid páirtí polaitíochta nó tráchtanna páirtí polaitíochta maidir le beartas nó beartais de chuid páirtí polaitíochta eile nó de chuid iarrthóir amháin nó níos mó sa toghchán a chur i láthair; nó
- (ii) toghadh iarrthóra i dtoghchán a chur chun cinn, go díreach nó go neamhdhíreach, nó cur i gcoinne toghadh iarrthóra, go díreach nó go neamhdhíreach, nó vótaí

a shireadh thar ceann nó i gcoinne iarrthóra nó beartais nó beartas áirithe de chuid iarrthóra nó tuairimí iarrthóra maidir le haon ní i dtaca leis an toghchán nó tráchtanna iarrthóra maidir le beartas nó beartais de chuid páirtí polaitíochta nó de chuid aon iarrthóra eile sa toghchán, a chur i láthair; nó

(iii) tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin ar shlí eile.

Seo thíos na caiteachais dá dtagraítear in (i), (ii) agus (iii) thuas: -

(a) Fógraíocht (is cuma cad é an meán a úsáideadh).

San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid d'fhógraíocht tá táillí gníomhaireachta, costais dearaidh agus costais eile a tabhaíodh maidir le hullmhú, táirgeadh, dáileadh nó a leithéid d'fhógraíocht a dháileadh ar shlí eile.

(b) Poiblíocht.

San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid tá caiteachais a tabhaíodh maidir le craoltaí páirtí polaitíochta, aon seirbhís nó saoráid a sholáthar a bhaineann le preasócáidí nó déileálacha eile leis na meáin, comhairle agus oiliúint agus grianghrafadóireacht a bhaineann leis na meáin.

(c) Póstaer toghcháin.

San áireamh i gcaiteachais a bhaineann le hábhar mar seo tá na costais a bhaineann le dearadh, táirgeadh, priontáil, crochadh agus baint anuas póstaer toghcháin.

(d) Ábhar toghcháin eile.

San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid d'ábhar tá dearadh, táirgeadh, priontáil agus scaipeadh a leithéid sin d'ábhar (seachas póstaer), lena n-áirítear cártaí canbhasála, bileoga toghcháin, forógraí toghcháin, nuachtlitreacha agus ábhar poiblíochta toghcháin eile.

(e) Oifig agus Stáiseanóireacht.

San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá costais a tabhaíodh maidir le fáil ar cíos nó úsáid áitribh oifige nó seomraí cruinnithe chun críocha toghcháin (seachas do na críocha a bhaineann le comhdhálacha páirtí bliantúla nó eile) agus na costais a bhaineann le téamh, leictreachas, árachas, ceannach nó fáil ar cíos trealamh oifige, teileafóin, stáiseanóireacht agus postas.

(f) Iompar agus taisteal.

San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá caiteachais a tabhaíodh maidir le hiompar agus taisteal (ar aon mhodh), peitreal agus díosal, fáil ar cíos nó úsáid feithiclí feachtais, fáil ar cíos nó úsáid feithiclí chun vótálaithe a iompar ar an lá vótála, costais chóiríochta, seirbhísí tacsáí agus hacnaí agus seirbhísí cúiréara.

(g) Taighde margaidh.

San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis an ní sin tá caiteachais a tabhaíodh maidir le pobalbhreith nó suirbhé eile den chineál céanna a bhain le toghchán laistigh de

thréimhse 60 lá roimh an lá vótála i dtoghchán ag nó thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra toghcháin.

(h) Oibríthe feachtais.

San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis an ní sin tá íocaíochtaí le hoibríthe feachtais, árachas agus costais eile.

1.9 Cén caiteachas nach bhfuil san áireamh sa sainmhíniú ar chaiteachais toghcháin?

Forálann Alt 6 den Acht nach nglactar leis an gcaiteachas seo a leanas mar chaiteachais toghcháin: -

- (a) caiteachais taistil riachtanacha tabhaithe ag iarrthóir nó ag aontaitheoir agus na **ceanglais ainmniúcháin** chun toghadh a iarraidh á gcomhlíonadh acu;
- (b) ceannach cóipeanna nó codanna de **chlár na dtoghthóirí**;
- (c) **caiteachais mhaireachtála réasúnacha**, (cóiríocht san áireamh), a thabhaíonn iarrthóir nó duine/daoine a oibríonn thar ceann iarrthóra ar bhonn deonach
- (d) aon suim airgid a eisíocann duine aonair as a (h)acmhainní dílse i dtaca le haon **mhionchaiteachas**, (nach mó í ná €26.97 in aon íocaíocht amháin), a thabhaítear go dleathach i dtaca leis a toghchán mura n-aisíoctar an tsuim sin leis an duine;
- (e) caiteachas a tabhaíodh chun maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar a cuireadh ar fáil ag **toghchán roimhe sin** agus a áiríodh i ráiteas costas toghchán a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí nó údaráis áitiúil i leith toghcháin roimhe sin;
- (f) buntáistí bunaithe ar an méid seo a leanas -
 - (i) **seirbhís** a chuir duine aonair ar fáil, lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicil an duine aonair, thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra i dtoghchán áitiúil, nuair is in aisce a sholáthraítear an tseirbhís sin agus nach cuid í d'obair an duine a rinneadh faoi chonradh fostaíochta, nó i gcás go bhfuil an duine sin féinfhostaithe, i ngnáthchúrsa gnó nó i gcleachtadh ghairm an duine sin,
 - (ii) **seirbhís** a chuir duine aonair atá fostaithe ag páirtí polaitíochta (cibé acu a n-íoctar é nó í as acmhainní dílse an pháirtí nó as cistí poiblí) ar fáil i dtoghchán áitiúil, lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicil an duine aonair, thar ceann an pháirtí i dtoghchán áitiúil i gcás nach bhfuil aon sochar airgid nó comhchineáil á fháil ag an duine aonair seachas a g(h)náthluach saothair i gcomaoin na seirbhíse sin;

- (g) nuacht, tuairiscí, ailt, gné-ailt, tráchtanna eagarfhocail nó tráchtanna eile, lena n-áirítear litreacha chuig an eagarthóir, a **fhoilsiú** i nuachtán, iris nó i bhfoilseachán thréimhsiúla eile, nó na nithe sin a chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís, i gcás ina ndéantar an foilsiú nó an craoladh sin sa tslí chéanna le hábhar eile a bhaineann le saincheisteanna ar díol spéise nó imní phoiblí iad agus i gcás nach bhfoilsítear an nuachtán, an iris nó an foilseachán thréimhsiúil eile chun leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra i dtoghchán a chur chun cinn; agus
- (h) **craoltaí** raidió agus teilifíse a dhéantar thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra i dtoghchán áitiúil.

I ndáil leis na nithe roimhe seo, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas freisin: -

- san áireamh i **gcaiteachais réasúnacha mhaireachtála** iarrthóra nó aon duine atá ag obair ar bhonn **deonach** thar ceann an iarrthóra tá caiteachas a bhaineann le sólaistí agus mionchaiteachais as póca eile. Faoin gceannteideal seo, sa bhreis ar chostais chóiríochta, ceadaítear caitheamh suas go dtí **€50 an duine in aghaidh an lae** ar shólaistí, etc. agus ní gá cuntas a thabhairt ar a leithéid. Táthar ag súil go mbeidh smacht réasúnach ag na daoine atá freagrach as an bhfoirm dearbhaithe caithimh a chur isteach, ar an gcaiteachas seo;
- meastar gur caiteachais toghcháin iad caiteachais a thabhaítear maidir le **hoibrithe toghcháin íoctha** (mar shampla, lucht crochta póstaer), nach bhfuil fostaithe ag páirtí polaitíochta, mar gheall ar shólaistí nó mionchaiteachais as póca eile
- is caiteachais toghcháin iad aon sochar airgid nó sochar comhchineáil (mar shampla líuntas dualgas breise a íoc) a íoctar le daoine **atá fostaithe ag páirtí polaitíochta** atá sa bhreis ar ghnáthluach saothair an duine;
- meastar gur caiteachais toghcháin iad **taisteal (lena n-áirítear peitreal/díosal), costais chóiríochta agus muirir theileafóin** a thabhaíonn aon duine atá bainteach le feachtas toghcháin iarrthóra, i gcás ina n-aisíoctar na costais nó muirir sin leis an duine. Ní ghlacfar lena leithéid de chostais agus muirir tabhaithe ag duine atá fostaithe ag páirtí polaitíochta mar chaiteachais toghcháin nuair atá an duine sin ag déanamh seirbhíse a bhaineann leis an toghchán;
- glactar le **háitreabh oifige nó seirbhísí oifige a chur ar fáil** in oifig dailcheantair nó oifig brainse ionadaí poiblí nó Ceannoifig páirtí polaitíochta mar chaiteachais toghcháin sa chás go bhfuil na míreanna seo á soláthar **sa bhreis** ar ghnáthriar ginearálta na hoifige sin agus go mbaineann sé leis an toghchán áitiúil;

- ní mheastar gur caiteachas toghcháin é **mír chraolta a tharchur**. Ní bhaineann an t-eisiamh seo le nithe eile atá nasctha le craoladh cosúil le saoráidí táirgthe a nglacfaí leo mar chaiteachas toghcháin;
- ní ghactar le seirbhísí cuntasóra nó duine éigin eile, atá ceaptha do chríoch shonrach chun cuidiú le ceanglais an Achta a chomhlíonadh mar chaiteachas toghcháin;
- Tagraítear in Alt 6 den Acht go sonrath do dhuine aonair agus don úsáid atá á baint as mótarfeithicil duine aonair. Sa chás go gcuirtear an tseirbhís seo ar fáil saor in aisce, agus nach nglactar léi mar ghné d'obair an duine aonair sin, nó mar chuid de chonradh fostaíochta etc., ní ghactar léi mar chaiteachas toghcháin. Má chuireann duine aonair níos mó ná feithicil amháin ar fáil, áfach, d'fhéadfaí glacadh le húsáid na bhfeithicilí breise mar chaiteachais toghcháin. Má chuirtear feithicil, atá faoi úinéireacht cuideachta, comhpháirtíochta, gnólachta etc. ar fáil, ní mheastar gur seirbhís saor in aisce í atá curtha ar fáil ag daoine aonair. I gcásanna den chineál sin, meastar gur costas toghcháin é feithicil a úsáid le linn thréimhse an toghcháin. Ní mór an costas tráchtála a bhaineann le feithicil den chineál céanna a fhrúiliú do thréimhse den chineál céanna a fháil amach chun an caiteachas toghcháin a ríomh;
- B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach caiteachais áirithe a thabhtú thar ceann iarrthóra chun a rannpháirtíocht sa phróiseas toghcháin nó tuiscint ar an reachtaíocht iomchuí a éascú. **Ní** féidir glacadh leo seo mar chuid de chaitheamh toghcháin iarrthóra nó páirtí polaitíochta. D'fhéadfaí glacadh leis an méid thíos mar shamplaí -
 - costais cúraim leanaí bhreise,
 - an costas a bhaineann le hionadaithe oibre,
 - cead neamhláithreachta le pá,
 - ús iasachta agus táillí bainc,
 - na costais a bhaineann le cruinnithe arna dtionóil chun eolas a roinnt le rannpháirtithe toghcháin faoi na ceanglais a bhaineann leis an reachtaíocht toghcháin (e.g., frúiliú seomraí, doiciméid, sólaistí, taisteal).

1.10 Caiteachais toghcháin a íoctar as Cistí Poiblí

Ag eascairt as an mbreithiúnas in *Kelly v. An tAire Comhshaoil & Páirtithe Eile* [tagairt: 2002 4 I.R. 191], sa chás go n-úsáidtear maoin, seirbhísí nó saoráidí chun críocha toghcháin i rith thréimhse an toghcháin agus go n-íoctar na costais as cistí poiblí, ní mór cuntas a thabhairt ar a leithéid de chostais mar chaiteachais toghcháin ag a luach tráchtála iomlán.

Is faoin iarrthóir, gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe, a bheidh sé, i gcomhairle le soláthraí na maoin, na seirbhísí nó na saoráidí, cinneadh a dhéanamh faoi luach na húsáide chun críocha toghcháin agus cuntas a thabhairt ar an méid seo sa ráiteas caiteachas toghcháin.

D'fhéadfaí a cheangal ar roinnt iarrthóirí sa toghchán ar ionadaithe poiblí iad cheana féin cumarsáid a dhéanamh lena vótálaithe sa toghlimistéar i rith thréimhse an toghcháin; b'fhéidir go mbeadh ar chomhaltaí údaráis áitiúil gnó toghlimistéir iarmharach a dhéanamh, mar shampla. Tá sé riachtanach, dá réir sin, sa chás go bhfuil costais á n-íoc ó chistí poiblí, idirdhealú a dhéanamh idir an úsáid atá á baint as maoin, seirbhísí (lena n-áirítear baill foirne) agus/nó saoráidí i ndáil le gnó toghlimistéir réasúnach a dhéanamh agus úsáid a bhaint as a leithéid d'ábhar chun críocha toghcháin. Más rud é, i rith thréimhse an toghcháin, go n-úsáidtear a leithéid d'ábhair chun aon chineál cumarsáide nár iarradh a dhéanamh le haon duine de na toghthóirí sa toghlimistéar, glacfar leis go bhfuil na hábhair úsáidte chun críocha toghcháin agus tabharfar cuntas ar na costais mar chaiteachas toghcháin ag a luach tráchtála iomlán.

Léirítear sna Treoirí seo sa chás go n-ardaítear fiosrúchán nua le hiarrthóir (i.e., fiosrúchán nár ardaíodh leis an iarrthóir roimh an toghchán) fad is atá sé nó sí ag canbhasáil agus go n-úsáidtear saoráidí a n-íoctar as a gcostais as cistí poiblí chun freagairt don fhiosrúchán, go nglacfar leis go mbeidh na saoráidí úsáidte chun críocha toghcháin.

Baineann sé seo freisin le hábhar nár iarradh eisithe ag na hionadaithe tofa, seachas an t-iarrthóir, sa chás go dtacaíonn an t-ábhar le hiarrthóir nó go gcuireann sé i gcoinne iarrthóra, nó go ndéanann sé iarracht ar shlí eile tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin. D'áireofaí anseo, mar shampla, ábhar atá eisithe ag comhalta den Oireachtas chun tacú le hiarrthóir toghcháin áitiúil.

1.11. Caiteachas a bhaineann le Toghcháin Pharlaimint na hEorpa

Reáchtálfar toghcháin áitiúla 2024 i gcomhar le toghcháin Parlaimint na hEorpa. Ní cheadaítear do pháirtí polaitíochta a bheith ag tacú ina chaiteachas sna toghcháin áitiúla le duine dá iarrthóirí nó leis an bpáirtí sin i ndáil le toghchán Parlaimint na hEorpa in ábhar toghcháin nó i bhfógra nuachtáin mura bhfuil údarás faighte ó ghníomhaire toghcháin an iarrthóra Eorpaigh nó ó ghníomhaire náisiúnta (i ndáil leis an toghchán Eorpach) an pháirtí polaitíochta ag an ngníomhaire náisiúnta (chun críocha na dtoghcháin áitiúil), duine ainmnithe an pháirtí polaitíochta nó aon duine údaraithe (cosúil leis an Stiúrtóir Toghchán) atá ag tabhú an chaiteachais i dtoghchán áitiúil.

Tá treoirí ar leithligh i ndáil le Toghcháin Parlaimint na hEorpa 2024 eisithe ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, agus tá siad ar fáil ar a shuíomh gréasáin ag www.sipo.gov.ie.

Glacfar leis go bhfuil ábhar poiblíochta páirtí do thoghchán Eorpach a thagraíonn d'fheachtas toghcháin áitiúil an pháirtí nó dá iarrthóirí toghcháin áitiúil mar ábhar atá

ag tacú le leasanna an pháirtí nó na n-iarrthóirí ábhartha agus glacfar leis mar chaiteachas tabhaithe thar ceann an pháirtí nó a iarrthóirí sna toghcháin áitiúla. Tá a mhalairt i gceist freisin sa chás go dtagraítear i bhfeachtas toghcháin áitiúil páirtí nó go dtagraíonn a iarrthóirí toghcháin áitiúil d'fheachtas toghcháin Eorpaigh an pháirtí nó dá iarrthóirí sa toghchán Eorpach.

Moltar do pháirtí polaitíochta a thabhaíonn caiteachas ag toghchán áitiúil eolas a roinnt le gníomhairí toghcháin Eorpaigh maidir le haon chaiteachas is dócha a thabhófar thar ceann iarrthóirí agus an pháirtí sin i ndáil leis an toghchán Eorpach. Go hidéalach, ba chóir samplaí d'ábhar toghcháin a chur ar fáil dóibh mar aon leis na hadmhálacha nó sonraisc chúí.

Iarrthóir toghcháin áitiúil, Stiúrthóir Toghchán, etc., a bhfuil sé beartaithe aige nó aici tagairt a chur san áireamh d'iarrthóir toghcháin Eorpaigh in ábhar poiblíochta, fógraíocht toghcháin áitiúil, etc., ní mór dó nó di a bheith údaraithe ag gníomhaire toghcháin iarrthóir an toghcháin Eorpaigh nó ag gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta iarrthóir an toghcháin Eorpaigh. Ar an gcuma chéanna, sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an iarrthóir toghcháin Eorpaigh tacú le hiarrthóir toghcháin áitiúil i dtoghlimistéar áitiúil ina litríocht phromóisin, ba chóir go mbeadh sé seo údaraithe ag an iarrthóir toghcháin áitiúil ábhartha.

D'fhéadfaí glacadh leis go bhfuil duine a thabhaíonn caiteachas thar ceann iarrthóra toghcháin Eorpaigh ciontach i gcion mura bhfuil sé nó sí údaraithe chun é sin a dhéanamh.

Sa chás go dtagraítear d'fheachtas toghcháin áitiúil páirtí polaitíochta nó dá iarrthóirí toghcháin áitiúil in ábhar nó fógraíocht toghcháin Eorpaigh a úsáidtear i rith thréimhse an toghcháin, ba chóir an méid úsáide a bhaintear as an toghchán áitiúil a úsáid mar bhonn chun an méid caiteachas a measadh a tabhaíodh thar ceann an pháirtí nó na n-iarrthóirí toghcháin áitiúil a ríomh. Má mheastar go bhfuil an méid a tabhaíodh níos lú ná €26.97 agus má tá sé íoctha ag an iarrthóir toghcháin Eorpaigh, glacfar leis mar mhionchostas agus ba chóir cuntas a thabhairt air dá réir sin nuair a bhíonn an ráiteas caiteachas toghcháin á chur isteach chuig an údarás áitiúil iomchuí.

Má thagraíonn an ghné d'fheachtas toghcháin áitiúil an pháirtí go ginearálta agus má sháraíonn an caiteachas €26.97, ba chóir do ghníomhaire náisiúnta an pháirtí cuntas a thabhairt ar na caiteachais toghcháin ina ráiteas caiteachas toghcháin a chuirtear ar fáil don údarás áitiúil sonraithe. Má thagraíonn an ghné d'iarrthóir(i) toghcháin áitiúil an pháirtí agus má sháraíonn an caiteachas €26.97 beidh sé riachtanach cuntas a thabhairt air sa ráiteas a chuireann an t-iarrthóir a d'údaraigh an caiteachas toghcháin ar fáil don údarás áitiúil iomchuí.

1.12 Céard é an difríocht idir caiteachas tabhaithe ag páirtí polaitíochta i dtoghlimistéar áitiúil agus ag leibhéal náisiúnta?

Glactar le caiteachas toghcháin a bhaineann go díreach le hiarrthóir(i) páirtí polaitíochta i dtoghlimistéar áitiúil ar leith mar chaiteachas atá tabhaithe ag an bpáirtí sin thar ceann a (h)iarrthóra/a n-iarrthóirí agus meastar gur tabhaíodh é sa toghlimistéar áitiúil sin.

Má thabhaíonn fo-eagraíocht páirtí polaitíochta caiteachas (lena n-áirítear eagraíocht dáilcheantair) breithnítear go bhfuil an caiteachas sin tabhaithe ag an bpáirtí polaitíochta de réir alt 6 den Acht.

D'áireofaí i gcaiteachais toghcháin tabhaithe ag páirtí polaitíochta a bhaineann go díreach le dtoghlimistéar áitiúil agus a nochtfaidh duine ainmnithe míreanna cosúil le (táscach amháin): -

- (a) doiciméid beartais a tháirgeann agus a fhoilsíonn an páirtí le húsáid i dtoghlimistéar áitiúil ar leith;
- (b) fógráin agus fógraí i nuachtáin nó foilseacháin eile d'iarrthóir(í) páirtí i dtoghlimistéar toghcháin áirithe ar leith;
- (c) fógráin ar chláir fógraí agus ar mheáin eile cosúil le busanna agus tacsaithe d'iarrthóir(í) páirtí le húsáid i dtoghlimistéar áitiúil ar leith;
- (d) póstaeir toghcháin a tháirgeadh agus a fhoilsiú d'iarrthóir(í) páirtí le húsáid i dtoghlimistéar áitiúil ar leith;
- (e) litríocht toghcháin agus cártaí canbhasála a tháirgeadh agus a fhoilsiú d'iarrthóir(í) páirtí le húsáid i dtoghlimistéar áitiúil ar leith; agus
- (f) áitreabh oifige agus seirbhísí oifige a chur ar fáil i ndáilcheantar/oifig brainse i ndáil leis na toghcháin áitiúla sa chás go bhfuil soláthar na míreanna seo á dhéanamh sa bhreis ar ghnáthriar na hoifige sin.

Meastar go bhfuil caiteachas toghcháin a bhaineann le feachtas toghcháin áitiúil foriomlán páirtí polaitíochta tabhaithe ag an bpáirtí sin ag leibhéal náisiúnta, beag beann ar an limistéar inar tharla sé. Go ginearálta, ní thagróidh caiteachas den chineál seo d'iarrthóir(í) páirtí in aon dtoghlimistéar áitiúil ar leith. Seachas sin, beidh tagairt déanta don pháirtí, a cheannaire nó a bheartais/forógra toghcháin i gcomhthéacs náisiúnta.

San áireamh i gcaiteachais toghcháin tabhaithe ag páirtí polaitíochta ag leibhéal náisiúnta tá míreanna (táscach amháin) cosúil le: -

- (a) doiciméid bheartais an pháirtí a tháirgeadh agus a fhoilsiú;
- (b) forógra an pháirtí a tháirgeadh agus a fhoilsiú;
- (c) fógráin agus fógraí don pháirtí i nuachtáin agus i bhfoilseacháin eile;
- (d) fógráin don pháirtí ar chláir fógraí agus meáin eile cosúil le busanna, tacsaithe, etc;

- (e) póstaerir toghcháin atá le húsáid ag leibhéal náisiúnta a tháirgeadh agus a fhoilsiú;
- (f) litríocht toghcháin atá le húsáid ag leibhéal náisiúnta a tháirgeadh agus a fhoilsiú; agus
- (g) áitreabh oifige agus seirbhísí oifige a chur ar fáil i gCeannoifig páirtí i ndáil leis na toghcháin áitiúla sa chás go bhfuil soláthar na míreanna seo á dhéanamh sa bhreis ar ghnáthriar na Ceannoifige sin.

CUID 2 – CAITEACHAS TOGHCHÁIN TABHAITHE AG GNÍOMHAIRE NÁISIÚNTA, DUINE AINMNITHE NÓ DUINE NACH BHFUIL BAINT AIGE NÓ AICI LE PÁIRTÍ POLAITÍOCHTA NÓ IARRTHÓIR (TRÍÚ PÁIRTÍ)

2.1 Cé atá in ann caiteachais a thabhú thar ceann páirtí polaitíochta ag toghchán áitiúil?

Sonraítear san Acht gur chóir go mbeadh caiteachas ag leibhéal náisiúnta á dhéanamh ag an ngníomhaire náisiúnta agus ag leibhéal toghlimistéir áitiúil ag duine ainmnithe. Chomh maith leis sin, tá an ngníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe freagrach as caiteachas tabhaithe ag aon duine atá údaraithe ag an ngníomhaire nó ag an duine chun caiteachas a thabhú thar a c(h)eann.

2.2 An féidir le gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe páirtí polaitíochta caiteachais a thabhú thar ceann iarrthóra ag toghchán áitiúil?

Is féidir, má údaráíonn an t-iarrthóir é. Beidh a leithéid de chaiteachas á nochtadh ag an iarrthóir. Ba chóir admhálacha caiteachais a thabhairt don iarrthóir. Mura bhfuil údarú faighte, bheadh an caiteachas á nochtadh ag an ngníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe ar an ngnáthshlí (i.e. bheadh sé san áireamh sa ráiteas caiteachais arna chur ar fáil ag an ngníomhaire náisiúnta nó ag an duine ainmnithe).

2.3 An féidir le hiarrthóir caiteachas a thabhú thar ceann páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil?

Is féidir, ar an gcoinníoll go bhfuil an t-iarrthóir údaraithe ag an ngníomhaire náisiúnta nó ag an duine ainmnithe. Ba chóir admhálacha caiteachais a thabhairt don iarrthóir nó don duine ainmnithe. Beidh a leithéid de chaiteachas á nochtadh ag an ngníomhaire nó duine ainmnithe.

2.4 An féidir le daoine údaraithe caiteachas a thabhú thar ceann gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe i dtoghchán áitiúil?

Is féidir le gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe daoine eile a údarú chun caiteachais toghcháin a thabhú thar a c(h)eann. Glactar leis in Alt 2(1) den Acht go bhfuil san áireamh le “duine”: “*duine aonair, comhlacht corpraithe agus comhlacht neamhchorpraithe daoine agus measfar gur duine amháin comhlacht corpraithe agus aon fhochoimplacht dá chuid*”.

Forálann Alt 6(5) den Acht gur féidir le gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe duine eile a údarú chun caiteachas a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh thar a c(h)eann i ndáil le caiteachais toghcháin. Bíonn caiteachas toghcháin tabhaithe ag duine údaraithe san áireamh i ráiteas caiteachas toghcháin an ghníomhaire náisiúnta nó an duine ainmnithe.

2.5 Conas a chaitear le caiteachas tabhaithe ag comhlacht thar ceann páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil?

Forálann Alt 6(6) den Acht go nglacfar leis go bhfuil caiteachais a thabhaigh comhlacht i dtoghchán áitiúil tabhaithe thar ceann páirtí polaitíochta ar comhlacht é: -

- (a) a bhunaigh páirtí polaitíochta nó a bunaíodh thar ceann páirtí polaitíochta chun caiteachais toghcháin a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh i leith caiteachas den sórt sin; nó

- (b) atá ina chomhalta nó ina bhrainse nó ina fho-eagraíocht de chuid páirtí polaitíochta; nó
- (c) atá á rialú le fírinne ag páirtí polaitíochta nó atá nó a dhealraíonn sé go bhfuil sé chomh bainteach nó chomh ceangailte le páirtí polaitíochta go gcreidfeadh duine réasúnach go bhfuil an comhlacht faoi rialú nó faoi mhórtionchar an pháirtí sin.

Sainmhínítear fo-eagraíocht, i ndáil le haon pháirtí polaitíochta, in alt 22(1) *d'Acht Toghcháin, 1997* mar chomhlacht nó mar chumann (lena n-áirítear comhlacht nó comhlachas le hoifig lasmuigh den Stát): -

- (i) atá páirteach i bpáirtí polaitíochta dá leithéid, nó
- (ii) atá bunaithe le bunreacht an pháirtí polaitíochta nó faoi, nó
- (iii) atá faoi rialú le fírinne ag an bpáirtí polaitíochta nó ag oifigigh an pháirtí polaitíochta, nó
- (iv) a bhfuil feidhmeanna tugtha dó le bunreacht an pháirtí nó faoi.

Glacfar le heagraíochtaí, cosúil le gnó, ceardchumann nó grúpaí leasa, atá cleamhnaithe le páirtí polaitíochta, chun críocha alt 6(6) den Acht, mar eagraíochtaí atá bainteach nó ceangailte leis an bpáirtí polaitíochta sin.

2.6 An féidir le daoine nach bhfuil aon bhaint acu le páirtí polaitíochta nó le hiarrthóir caiteachais a thabhú thar ceann an pháirtí nó an iarrthóra sin i dtoghchán áitiúil?

Is féidir go dtarlóidh sé go bhféadfadh daoine, nach bhfuil aon bhaint nó ceangal follasach acu le páirtí polaitíochta ná le hiarrthóir, caiteachais toghcháin a thabhú thar ceann an pháirtí nó an iarrthóra sin gan cead ón bpáirtí ná ón iarrthóir atá i gceist. De réir alt 6(7) den Acht, ní mór d'aon duine nach bhfuil údaraithe ag páirtí polaitíochta nó iarrthóir agus a bhfuil sé beartaithe aige nó aici caiteachas a thabhú i dtoghchán na sonraí seo a leanas a thabhairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i scríbhinn (i.e. mar an t-údarás áitiúil sonraithe) i ndáil le caiteachas náisiúnta nó don údarás áitiúil ábhartha i ndáil le caiteachas ag leibhéal toghlimistéir áitiúil: -

- (i) ainm agus seoladh an duine a bhfuil rún aige nó aici na caiteachais a thabhú, agus cur síos ar an duine sin;
- (ii) ráiteas maidir le cineál, cuspóir agus méid measta a leithéid de chaiteachais; agus
- (iii) léargas ar bhaint an duine, más cuí, le haon pháirtí nó iarrthóir i dtoghchán áitiúil.

Ceanglaítear ar aon duine a thabhaíonn caiteachais toghcháin ar an mbonn seo ráiteas caiteachas toghcháin a chur ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh caiteachas náisiúnta nó don údarás áitiúil ábhartha le haghaidh caiteachais de chineál eile (féach alt 3.1). Glactar le mainneachtain ráiteas a chur ar fáil faoi alt 21 den Acht mar chion.

Maidir leis an gcaiteachas toghcháin tabhaithe ag daoine neamhbhainteacha/tríú páirtithe, ba chóir nóta a dhéanamh d'fhorálacha alt 6(9) den Acht maidir le socrúchán aon fhógráin nó aon fhógra i nuachtán, iris nó foilseachán tréimhsiúil a airbheartaíonn a thacaíonn le nó a chuireann i gcoinne leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra sa toghcháin (féach alt 2.8).

2.7 An bhfuil gá le fianaise ar chaiteachais tabhaithe thar ceann páirtí polaitíochta nó duine éigin eile?

Ní fhoráiltear san Acht nach mór admhálacha caiteachais a chur ar fáil leis an ráiteas caiteachas. Ba chóir a leithéid sin d'admhálacha a choinneáil, áfach, chun cabhrú le ráiteas caiteachas toghcháin a fhorbairt. Sonraítear in Alt 13(3) go bhfuil sé de dhualgas ar gach duine a bhfuil ráiteas le cur ar fáil aige nó aici cibé taifid is gá a choimeád chun an ráiteas a chur ar fáil agus dearbhú reachtúil a dhéanamh.

Ar an gcuma chéanna, ní gá cóipeanna de chomhaontuithe i scríbhinn déanta idir an gníomhaire náisiúnta agus iarrthóirí maidir le cionroinnt céatadáin de mhéideanna teorann caithimh, agus comhaontuithe déanta idir an gníomhaire náisiúnta agus daoine ainmnithe a údaraíonn iad chun caiteachas a thabhtú, a chur ar fáil leis an ráiteas a chuireann an gníomhaire náisiúnta nó an duine ainmnithe ar fáil don údarás áitiúil iomchuí. Ba chóir cóipeanna de chomhaontuithe i scríbhinn a choinneáil, áfach, sa chás go mbíonn a leithéid ag teastáil ón údarás áitiúil.

Tá sé de chumhacht ag údarás áitiúil cibé fiosruithe is iomchuí a dhéanamh agus d'fhéadfadh sé a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis, doiciméad nó rud atá i seilbh nó ar fáil ag an duine, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón údarás áitiúil chun críocha a dhualgas faoin Acht, a chur ar fáil.

2.8 Cé atá in ann fógráin agus fógraí a chur ar fáil atá ag tacú le páirtí polaitíochta nó ag cur i gcoinne páirtí polaitíochta i dtoghchán áitiúil?

Forálann Alt 6(9) den Acht, nach ceadmhach aon fhógrán nó fógra i dtaca le toghchán áitiúil, lena airbheartaítear leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra i dtoghchán áitiúil a chur chun cinn, nó cur ina gcoinne, go díreach nó go neamhdhíreach, a fhoilsiú i nuachtán, iris nó foilseachán tréimhsiúil eile mura ndéantar a leithéid ar iarratas an ghníomhaire náisiúnta, duine ainmnithe nó iarrthóra sa toghchán nó duine, lena n-áirítear gníomhaire náisiúnta toghcháin Eorpaigh nó gníomhaire toghcháin atá údaraithe i scríbhinn ag duine acu.

Ní bhíonn na srianta seo i bhfeidhm, sa chás go soláthraíonn duine deimhniú d'fhoilsitheoir an nuachtáin, na hirise nó foilseacháin thréimhsiúil eile ó údarás áitiúil iomchuí a thugann le fios go bhfuil alt 6(7) den Acht comhlíonta ag an duine.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhforálann alt 6(10) den Acht nach mbeidh na ceanglais á bhforléiriú chun cosc a chur ar nó chun srian a chur le: -

- (a) foilsíú dleathach aon ní a bhaineann le toghchán áitiúil i nuachtán nó i bhfoilseachán eile;
- (b) a leithéid d'ábhar a bheith á chraoladh ar an raidió nó teilifís; nó
- (c) tuairim duine éigin a chur in iúl go dleathach maidir le haon ní ar díol spéise poiblí é.

Glactar le mainneachtain fhorálacha alt 6(7) nó 6(9) mar atá mínithe thuas a chomhlíonadh mar chion faoi alt 21 den Acht. Tá sonraí na gcionta agus na bpionós gaolmhar leagtha amach i gCuid 5 de na treoirlínte.

2.9 Conas a chaitear le conarthaí déanta ag páirtí polaitíochta, nó thar ceann páirtí polaitíochta?

Ceanglaítear le hAlt 10 den Acht gurb é nó í an gníomhaire náisiúnta nó an duine ainmnithe a chaithfidh na conarthaí a dhéanamh (conradh fostaíochta san áireamh agus más i scríbhinn atá sé nó ar shlí eile) ina dtabhaíonn an páirtí polaitíochta caiteachais de bhreis ar €634.87 ó thaobh luacha de, nó ina dtabhaítear caiteachas de bhreis ar an méid sin thar a c(h)eann i dtoghchán áitiúil. Ní bheidh conarthaí den chineál sin inchurtha i bhfeidhm i gcoinne an pháirtí, an ghníomhaire náisiúnta nó an duine ainmnithe mura ndéantar ar an tslí seo iad.

2.10 Conas a chaitear le hearraí a chuirtear ar fáil do pháirtí polaitíochta saor in aisce nó ar phraghas níos lú ná an praghas tráchtála?

Foráiltear le halt 6(2) den Acht, má sholáthraítear maoin, earraí nó seirbhísí do pháirtí polaitíochta nó d'iarrthóir i dtoghchán áitiúil gan íocaíocht ná aon chomaoin tráchtála eile ina leith, nó ar phraghas atá níos lú ná an praghas tráchtála, measfar gur caiteachas toghchán é na hearraí seo a chur ar fáil, agus gur cuireadh ar fáil iad ag an bpraghas tráchtála agus tabharfar cuntas ina leith dá réir.

Maidir le maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar agus maoin nó earraí a thabhairt ar iasacht, is é an sainmhíniú atá ar phraghas tráchtála in alt 2(1) den Acht Toghcháin 1997 ná:

- (a) sa chás go leanann an duine a bhfuil an mhaoin nó na hearraí á soláthar nó á ligean ar iasacht aige nó aici nó a bhfuil an tseirbhís á soláthar aige nó aici, le gnó, go hiomlán nó i bpáirt, a bhaineann le soláthar nó tabhairt ar iasacht maoiné nó earraí nó soláthar seirbhíse, an praghas nó an chomaoin is ísle gearrtha ag an duine don soláthar nó tabhairt ar iasacht i ngnáthchúrsa gnó a bhaineann le méid comhionann maoiné nó earraí den chineál céanna nó chun seirbhís den chineál céanna a sholáthar agus go feadh an mhéid chéanna (lamháil chuí á déanamh le haghaidh aon lascaine a thugann an duine de ghnáth i ndáil le soláthar nó tabhairt ar iasacht maoiné nó earraí den chineál céanna nó soláthar seirbhíse den chineál céanna) ag an am a céadluadh an soláthar nó tabhairt ar iasacht maoiné nó earraí nó ag an am a céadluadh an soláthar seirbhíse; agus

- (b) sa chás nach leanann duine a bhfuil an mhaoin nó na hearraí á soláthar nó á ligean ar iasacht aige nó aici nó a bhfuil an tseirbhís á soláthar aige nó aici, le gnó, go hiomlán nó i bpáirt, a bhaineann le soláthar nó tabhairt ar iasacht maoiné nó earraí nó soláthar seirbhíse, an praghas nó an chomaoin is ísle gearrtha lenar féidir méid comhionann maoiné nó earraí den chineál céanna a cheannach nó a thógáil ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna agus ar feadh an mhéid chéanna is féidir a fháil i ngnáthchúrsa gnó (lámháil chuí á déanamh le haghaidh aon lascaine a thugann an duine de ghnáth i ndáil le soláthar nó tabhairt ar iasacht maoiné nó earraí den chineál céanna nó soláthar seirbhíse den chineál céanna) ag an am a céadluadh an soláthar nó tabhairt ar iasacht maoiné nó earraí nó ag an am a céadluadh an soláthar seirbhíse ó dhuine a sholáthraíonn a leithéid sin de ghnó.

2.11 Cén tréimhse atá sonraithe chun éilimh a dhéanamh in aghaidh gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe nó tríú páirtí maidir le caiteachais toghcháin?

De réir alt 11 den Acht, ní mór gach éileamh a bhaineann le caiteachais toghcháin i gcoinne gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe nó aon duine eile a d'fhéadfadh caiteachais toghcháin a thabhtú a sholáthar don duine iomchuí ar, nó roimh, an gcúigiú lá is daichead ón lá vótála i dtoghchán áitiúil. Mura soláthraítear éileamh a bhaineann le caiteachais toghcháin laistigh den tréimhse cúig lá is daichead sin, ní íocfar é agus ní bheidh sé inchurtha i bhfeidhm i gcoinne an ghníomhaire nó an duine lena mbaineann.

Moltar gur chóir don ghníomhaire náisiúnta, duine ainmnithe nó duine neamhbhainteach/tríú páirtí fógra a thabhairt do sholáthraithe, etc., maidir leis an tréimhse éilimh daichead a cúig lá nuair a bhíonn orduithe á ndéanamh chun maoin, earraí agus seirbhísí a sholáthar atá le húsáid i dtoghchán.

2.12 Conas a chaitear le héilimh dhíospóidte a bhaineann le caiteachais toghcháin?

Foráiltear le hAlt 12 den Acht, i gcás go ndíospóideann gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe nó duine neamhbhainteach/tríú páirtí a bhféadfadh caiteachais toghcháin a bheith tabhaithe aige nó aici, aon éileamh soláthartha don ghníomhaire nó don duine lena mbaineann laistigh den tréimhse daichead a cúig lá chun éilimh a dhéanamh, gur féidir leis an duine a rinne an t-éileamh iarraidh ar chúirt dlínse inniúla ordú chun éileamh a íoc a dhéanamh agus féadfaidh an chúirt, i gcás go bhfuiltear sásta gur chóir an t-éileamh a íoc, ordú íocaíochta a dhéanamh agus an méid atá iníoctha a shonrú. Ní mór méid na híocaíochta díospóidte a chur san áireamh sa ráiteas caiteachas toghcháin.

Má dhéanann cúirt ordú ar íocaíocht éilimh a bhaineann le caiteachas toghcháin i ndiaidh ráiteas caiteachas toghcháin a chur ar fáil don údarás áitiúil, ní mór don ghníomhaire náisiúnta, duine ainmnithe nó duine eile i gceist, tráth nach déanaí ná seacht lá i ndiaidh dháta an ordaithe, cóip den ordú cúirte i dteannta le ráiteas den tsuim atá iníoctha faoin ordú a chur ar fáil don údarás áitiúil. Cuirfear na páipéir seo faoi iamh leis an ráiteas a chuirtear ar fáil don údarás áitiúil iomchuí.

2.13 Céard é oifig an ghníomhaire náisiúnta nó an duine ainmnithe?

Forálann Alt 9 den Acht nach mór go mbeadh oifig sa Stát ag an ngníomhaire náisiúnta agus ag an duine ainmnithe. Is féidir éilimh a bhaineann le caiteachais, fógraí, eascairí, toghairmeacha agus doiciméid eile a sheoladh chuig an oifig sin. Meastar go bhfuil aon éileamh, fógra, eascaire, toghairm nó doiciméad arna sholáthar d'oifig an ghníomhaire nó an duine ainmnithe seirbheáilte air nó uirthi. Féadfar gníomhaire nó duine ainmnithe, i ndáil le haon ní a bhaineann le toghchán áitiúil, a agairt in aon chúirt a bhfuil dlínse inniúil aici san áit ina bhfuil a (h)oifig suite.

2.14 Conas a chaitear le caiteachais toghcháin a thabhaítear roimh cheapadh gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe?

D'ainneoin an cheanglais gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe a cheapadh roimh chaiteachais toghcháin a thabú, forálann alt 6(8) den Acht, sa chás go bhfuil caiteachais toghcháin tabhaithe ag páirtí polaitíochta roimh cheapadh gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe, nach mór don pháirtí polaitíochta sonraí gach caiteachas dá leithéid a chur ar fáil, mar aon le gach dearbhán ábhartha a bhaineann lena leithéid de chaiteachas, don ghníomhaire nó don duine nuair a bhíonn sé nó sí ceaptha ag an bpáirtí. Measfar go bhfuil na caiteachais seo tabhaithe ag an ngníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe agus ní mór dóibh cuntas a thabhairt orthu dá réir sin.

CUID 3 – RÁITEAS CAITEACHAS TOGHCHÁIN AGUS DEARBHÚ REACTÚIL

3.1 Céard é ráiteas caiteachas toghcháin?

Ceanglaíonn Alt 13 den Acht nach mór ráiteas i scríbhinn de gach caiteachas toghcháin (cibé acu ar íocadh nó nár íocadh iad) tabhaithe i ndáil le toghchán áitiúil a chur ar fáil d’údarás áitiúil laistigh de 90 lá i ndiaidh an lae vótála sa toghchán sin (i.e. ar nó roimh mhí 5 Mheán Fómhair 2024). Ní mór do ghníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta, duine ainmnithe páirtí polaitíochta nó duine neamhbhainteach/tríú páirtí a thabhaigh caiteachais i dtoghchán áitiúil ráiteas caiteachas toghcháin a chur ar fáil. Tá na míreanna caiteachais nach bhfuil san áireamh sa sainmhíniú ar chaiteachais toghcháin liostaithe i mír 1.9.

Ní mór caiteachais tabhaithe ag daoine údaraithe chun a leithéid de chaiteachais a thabhtú thar ceann gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe (de réir mhír 2.1) a áireamh i ráiteas an ghníomhaire nó an duine sin. Ar an gcuma chéanna, ní mór aon chaiteachas tabhaithe ag eagraíocht (fochuideachta páirtí polaitíochta nó eile) bainteach le páirtí polaitíochta a chur san áireamh i ráiteas an ghníomhaire nó an duine ainmnithe.

Forálann Alt 13(1)(b) den Acht nach mór dearbhú reachtúil a chur ar fáil le gach ráiteas caiteachas toghcháin a chuireann an gníomhaire náisiúnta, duine ainmnithe nó duine neamhbhainteach/tríú páirtí ar fáil don údarás áitiúil. Cuirfidh an t-údarás an fhoirm atá le húsáid nuair a bhíonn ráiteas caiteachas toghcháin agus dearbhú reachtúil á gcur isteach, ar fáil. Tá cóip i gceangal leis seo in Aguisín 1.

3.2 Céard é dearbhú reachtúil?

Forálann Alt 13(1)(b) den Acht nach mór dearbhú reachtúil a chur ar fáil le gach ráiteas caiteachas toghcháin a chuireann an gníomhaire náisiúnta, duine ainmnithe nó duine neamhbhainteach/tríú páirtí ar fáil d’údarás áitiúil.

Sa dearbhú sin, dearbhaíonn an gníomhaire nó duine a chuireann an ráiteas ar fáil, chomh fada agus is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, go bhfuil an ráiteas ceart ó thaobh ábhair de agus go bhfuil gach beart réasúnach déanta aige nó aici chun bheith sásta go bhfuil an ráiteas cruinn. Ní mór an dearbhú a bheith fianaithe ag Coimisinéir Mionnaí, Nótaire Poiblí, Feidhmeannach Síochána nó Aturnae Cleachtach.

3.3 Cá háit ar chóir ráiteas agus dearbhú reachtúil a sholáthar?

Ba chóir do ghníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta nó duine neamhbhainteach/tríú páirtí a thabhaíonn caiteachais toghcháin ag leibhéal náisiúnta a ráitis agus dearbhuithe reachtúla a thabhairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, atá ainmnithe mar ‘údarás áitiúil sonraithe’ faoi alt 6(11) den Acht.

Ní mór gach ráiteas agus dearbhú eile a thabhairt d’údarás áitiúil an toghlimistéir áitiúil iomchuí.

3.4 Céard a dhéanann an t-údarás áitiúil leis na ráitis caiteachas toghcháin agus leis na dearbhuithe reachtúla a thugtar dó?

Forálann Alt 14 den Acht i ndáil le ráitis curtha ar fáil ag daoine ainmnithe agus daoine eile (nach mbaineann le caiteachas náisiúnta), nach mór don údarás áitiúil cóip de gach ráiteas caiteachas toghcháin agus dearbhú reachtúil a thabhairt do gach comhalta den údarás áitiúil. Beidh gach ráiteas agus dearbhú ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal agus lena gcóipeáil ag oifigí an údaráis áitiúil.

Chomh fada is a bhaineann le ráiteas curtha ar fáil ag gníomhairí náisiúnta agus daoine eile a thabhaíonn caiteachas toghcháin ag leibhéal náisiúnta, beidh cóipeanna de na ráitis ar fáil chun críche iniúchta in Oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Eagróidh an t-údarás áitiúil fógra a fhoilsiú i nuachtán, a dháilfear ar dhaoine i limistéar feidhme an údaráis áitiúil, chun a chur in iúl go bhfuil ráitis agus dearbhuithe reachtúla faighte agus go bhfuil siad ar fáil lena n-íniúchadh. Chomh maith leis sin, san fhógra seo liostófar ainmneacha na ndaoine nach bhfuil ráitis curtha ar fáil acu (alt 19 den Acht).

Má tá earráid nó easnamh beag i ráiteas caiteachas toghcháin, forálann alt 18 den Acht go soláthróidh an t-údarás áitiúil sonraí maidir leis an earráid nó easnamh don ghníomhaire nó duine eile a chuir an ráiteas ar fáil. Beidh ceithre lá dhéag ag an ngníomhaire nó duine i gceist chun an earráid nó an t-easnamh a chur ina cheart. Nuair a bheidh ráiteas síntiús/caiteachas toghcháin ceartaithe nó slánaithe, tabharfaidh an t-údarás áitiúil cóip den ráiteas leasaithe do gach comhalta den údarás áitiúil agus cuirfear é ar fáil lena iniúchadh.

Ceanglaíonn Alt 19 den Acht ar údaráis áitiúla sonraí comhiomlána an chaiteachais agus na síntiús toghcháin faighte i ndáil le gníomhairí náisiúnta, daoine ainmnithe, tríú páirtithe agus iarrthóirí a chur san áireamh ina dtuarascálacha bliantúla. Cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil i dtuarascáil bhliantúil an údaráis áitiúil don bhliain 2024, nuair a fhoilseofar í.

CUID 4 – SÍNTIÚIS THOIRMISCTHE AGUS CUNTAIS SÍNTIÚIS PHOLAITÍOCHTA

4.1 Síntiúis Thoirmiscthe

Tá toirmeasc ar pháirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh le **síntiúis anaithnid** atá níos mó ná €100. Glactar leis go bhfuil síntiúis anaithnid mura bhfuil ainm agus seoladh an deontóra ar eolas ag páirtí polaitíochta nó tríú páirtí. Ní mheasfar síntiúis a thugtar trí sheirbhísí tiomsaithe airgid ar líne a bheith anaithnid i gcás ina bhfuil ainm agus seoladh an deontóra ar eolas ag an iarrthóir.

Chomh maith leis sin, tá páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe toirmiscthe ó ghlacadh le síntiúis, nó síntiúis, ó dhuine sa bhliain féilire chéanna atá cothrom le luach **níos mó ná €2,500** nó aon síntiúis ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtír éigin eile nó ó chuideachta nach bhfuil oifig aici ar oileán na hÉireann óna bhfuil ceann amháin nó níos mó dá príomhghníomhaíochtaí á stiúradh. **Síntiúis eachtracha** a thugtar orthu seo.

Tá toirmeasc ar iarrthóir glacadh le **síntiúis airgid** de mhéid a sháraíonn €200.

4.2 Síntiúis chorparáideacha

Ní féidir glacadh le síntiúis tugtha ag deontóir corparáideach do chomhalta d'údarás áitiúil, iarrthóir toghcháin áitiúil, páirtí polaitíochta nó tríú páirtí má sháraíonn siad **€200**, mura bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

I gcás síntiúis os cionn **€200** ó dheontóir corparáideach cláraithe, ní mór ráiteas a chur leis ina ndeirtear gur fhaomh comhaltaí, scairshealbhóirí nó iontaobhaithe an chomhlachta a thug an síntiúis, an síntiúis a thabhairt. Soláthraíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí an fhoirm ar mhaithe leis an ráiteas seo a thabhairt. Ní mór dearbhú reachtúil ón deontóir a chur ar fáil leis an ráiteas.

Cuirtear síntiúis ón deontóir corparáideach céanna d'fhaighteoir áirithe thar an mbliain féilire le chéile. Mura bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe agus mura bhfaomhtar an síntiúis, níor chóir, mar sin, glacadh le níos mó ná **€200** ón deontóir corparáideach céanna sa bhliain chéanna.

An sainmhíniú ar 'deontóir corparáideach'

Foráiltear le halt 19A den Acht don mhéid seo a leanas: -

go gciallaíonn 'deontóir corparáideach'—

(i) *comhlacht corpraithe*

(ii) *comhlacht neamhchorpraithe daoine, nó*

(iii) iontaobhas,

a dhéanann síntiús, agus chun críocha an tsainmhínte seo measfar gur duine amháin é comhlacht corpraithe agus aon fhochuideachta dá chuid”.

Comhlachtaí clúdaithe sa sainmhíniú

Cuimsítear sa sainmhíniú seo gach comhlacht corpraithe agus comhlacht neamhchorpraithe, lena n-áirítear comhlachtaí, ceardchumainn, iontaobhais, comhpháirtíochtaí, cumainn, comhlachais, clubanna agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Baineann an sainmhíniú seo le gach comhlacht seachas daoine nádúrtha. Ní áirítear trádálaithe aonair leis an sainmhíniú seo.

4.3 Céard ba chóir do pháirtí polaitíochta nó do thríú páirtí a dhéanamh má fhaigheann sé nó sí síntiús toirmisce i ndáil le toghchán áitiúil?

Má fhaigheann páirtí nó tríú páirtí síntiús toirmisce mar atá mínithe thuas, ní mór dó nó di an méid seo a leanas a dhéanamh: -

- (a) Síntiús a fhaightear agus atá toirmisce de bhrí gur síntiús anaithnid atá ann, ní mór don iarrthóir é a fhógairt agus a thabhairt ar ais don údarás áitiúil laistigh de 14 lá;
- (b) Maidir le síntiús, síntiús airgid thirim agus síntiús corparáideach a fhaightear agus atá toirmisce de bhrí go sáraíonn a luach an teorainn, ní mór don iarrthóir, laistigh de 14 lá, an síntiús nó an chuid sin de shíntiús airgid atá os cionn na teorann a thabhairt ar ais don deontóir agus taifead i scríbhinn a choinneáil den tuairisceán sin chun é a chur ar fáil don údarás áitiúil, más gá. Nó, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús nó an chuid sin den síntiús atá os cionn na teorann a thabhairt ar ais don údarás áitiúil;
- (c) Ar an gcuma chéanna, ní mór don iarrthóir eolas maidir le síntiús a fhaightear agus atá toirmisce de bhrí gur síntiús eachtrach atá ann a chur ar fáil don údarás áitiúil laistigh de 14 lá agus ní mór é a aisíoc leis an údarás. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús a thabhairt ar ais don deontóir agus taifead i scríbhinn a choimeád den tuairisceán sin chun é a chur ar fáil don údarás, más gá.

Is cion é mainneachtain síntiús toirmisce a fhógairt, a aisíoc nó a thabhairt ar ais, más iomchuí.

4.4 Cuntais Tríú Páirtí agus Síntiús Pholaitíochta

Ní mór do thrú páirtí a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús airgid de bhreis ar €100, cuntas a oscailt in institiúid airgeadais sa Stát agus an síntiús sin agus aon síntiús eile a fhaightear a chur i dtaisce sa chuntas sin.

Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, ní mór do thrú páirtí ar ceanglaíodh air cuntas síntiús polaitíochta a oscailt, ráiteas a thabhairt a sholáthair an institiúid airgeadais inar osclaíodh an cuntas síntiús polaitíochta. Ní mór don ráiteas na hidirbhearta a tharla i ndáil leis an gcuntas i rith na bliana roimhe sin a shonrú mar aon le deimhniú ina ndeirtear gur taisceadh sa chuntas gach síntiús airgeadaíochta a fuarthas i rith na bliana roimhe sin tar éis an cuntas a oscailt agus gur úsáideadh na méideanna go léir a cuireadh do dhochar an chuntais chun críoch polaitiúil.

Ní mór go mbeadh dearbhú reachtúil ar fáil leis an deimhniú ina dtugtar le fios, chomh fada agus is eol don tríú páirtí agus mar a chreideann sé nó sí, go bhfuil an deimhniú ceart ó thaobh ábhair de agus go bhfuil gach beart réasúnach déanta chun bheith sásta go bhfuil an deimhniú cruinn.

Coinneoidh an t-údarás áitiúil ráitis ó institiúid airgeadais agus na deimhnithe agus dearbhuithe reachtúla a ghabhann leo agus ní dhéanfar inneachar a nochtadh ach amháin má ordaíonn cúirt amhlaidh a dhéanamh nó i gcás ina n-éilítear nochtadh de bhun imscrúdú atá ar bun ag an údarás áitiúil.

CUID 5 – CIONTA AGUS PIONÓIS

5.1 Céard iad na cionta a bhaineann le gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe?

Forálann Alt 21 den Acht go bhfuil gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe ciontach i gcion, má dhéanann sé nó sí an méid seo a leanas i dtoghchán áitiúil: -

- mainníonn sé nó sí ráiteas caiteachas toghcháin nó dearbhú reachtúil a tabhairt don údarás áitiúil laistigh de 90 lá i ndiaidh an lae vótála i dtoghchán áitiúil;
- tugann sé nó sí ráiteas caiteachas toghcháin don údarás áitiúil atá, ar feadh eolais an ghníomhaire nó an duine, bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de;
- tabhaíonn sé ní sí go díreach, nó trí dhuine éigin eile, caiteachais toghcháin sa bhreis ar na teorainneacha caithimh iomchuí; nó
- mainníonn sé nó sí ar shlí eile forálacha an Achta a chomhlíonadh.

5.2 Céard iad na cionta a bhaineann le duine neamhbhainteach/tríú páirtí a thabhaíonn caiteachais faoi alt 6(7) den Acht i dtoghchán áitiúil?

Forálann Alt 21(3) den Acht go mbeidh aon duine a thabhaíonn caiteachais de réir alt 6(7) [féach mír 2.6] ciontach i gcion más rud é go ndéanann an duine sin an méid seo a leanas i dtoghchán:

- (a) mainníonn sé nó sí fógra a thabhairt don údarás áitiúil de réir alt 6(7) go bhfuil sé ar intinn aici nó aige caiteachais toghcháin a thabhtú; nó
- (b) mainníonn sé nó sí ráiteas caiteachas toghcháin nó dearbhú reachtúil a tabhairt don údarás áitiúil laistigh de 90 lá i ndiaidh an lae vótála i dtoghchán áitiúil;
- (c) tugann sé nó sí ráiteas caiteachas toghcháin don údarás áitiúil atá, ar feadh eolais an duine, bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de; nó
- (d) mainníonn sé nó sí ar shlí eile na forálacha in alt 13 a chomhlíonadh.

5.3 Céard iad na cionta a bhaineann le foilsitheoir nuachtáin, irise nó foilseacháin thréimhsiúil eile?

Forálann Alt 21(4) den Acht (féach mír 2.8) go bhfuil foilsitheoir nuachtáin, irise nó foilseacháin thréimhsiúil eile ciontach i gcion má fhoilsíonn sé nó sí fógrán nó fógra a bhaineann le toghchán áitiúil, a airbheartaítear atá ag tacú le nó ag cur i gcoinne leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra sa toghchán sin, ar iarratas aon duine seachas gníomhaire náisiúnta nó duine ainmnithe páirtí polaitíochta nó duine údaraithe i scríbhinn acu nó ag iarrthóir sa toghchán nó duine údaraithe i scríbhinn ag an iarrthóir, mura gcuireann an duine a d'iarr foilsíú an fhógráin nó an fhógra deimhniú ar fáil don

fhoilsitheoir ó údarás áitiúil de bhua alt 6(9) ar a léirítear go bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoi alt 6(7) den Acht curtha ar fáil ag an duine ábhartha.

5.4 Céard iad na pionóis a bhaineann le cionta faoi Chuid V den Acht?

Forálann Alt 21(5) den Acht go bhfuil aon duine atá ciontach i gcion faoi alt 21(1), 21(2), 21(3), 21(3A), 21(4), 21(4A), 21(4B) nó 21(4C) den Acht faoi dhliteanas a bheith á c(h)iontu go hachomair agus cuirfear fíneáil nach mó ná €1,904.61 air nó uirthi.

Sa chás go dtarlaíonn cionta faoi alt 21(1)(b), 21(2)(b), 21(3)(c), 21(3A), 21(4A)(b), 21(4B)(bb), 21(4B)(bd) nó 21(4B)(d) den Acht, beidh duine faoi dhliteanas ciontaithe ar díotáil d'fhíneáil nach mó ná €25,000 nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile. San áireamh anseo tá an cion a bhaineann le caiteachas a thabhu sa bhreis ar na teorainneacha caithimh iomchuí.

Má bhaineann cion le mainneachtain ráiteas caiteachas toghcháin a chur ar fáil don údarás áitiúil, forálann alt 21(5)(b) den Acht go mbeidh an duine lena mbaineann ciontach i gcion breise gach lá a leantar leis an mainneachtain i ndiaidh a leithéid de chiontú. In aghaidh gach ciona den sórt sin, bíonn an duine sin faoi dhliteanas, ar chiontú achomair, d'fhíneáil nach sáraíonn €26.97. Chomh maith leis, baineann an fhoráil seo le ciontú a bhaineann le mainneachtain deimhniú nó ráiteas a chur ar fáil i ndáil le cuntas síntiús polaitíochta.

Aguisín 1

Ráiteas Caiteachas Toghchán

**RÁITEAS CAITEACHAS TOGHCHÁIN I dTOGHCHÁIN ÁITIÚLA AR
(scríobh an dáta)**

DE RÉIR ALT 13 DE

**AN tACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (SÍNTIÚIS AGUS CAITEACHAS
A NOCHTADH) 1999**

RÁITEAS Ó GHNÍOMHAIRE NÁISIÚNTA/DUINE AINMNITHE/TRÍÚ PÁIRTÍ

1. Ainm an Ghníomhaire Náisiúnta/Duine Ainmnithe/Tríú Páirtí (scríos mar is cuí)

_____ Páirtí Polaitíochta (más ann dó) _____

2. Seoladh

3. Sonraí Teagmhála (teileafón/facs/ríomhphost)

4. Sannadh teorainn chaithimh ó iarrthóir chuig gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta (ní bhaineann an chuid seo ach le gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta)

Forálann Alt 12A(1)(a) den *Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999* do theorainn a chur le caiteachais i dtoghcháin áitiúla.

I gcás iarrthóir páirtí polaitíochta, ceadáítear le halt 12A(1)(c)(i) den *Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachais a Nochtadh) 1999* do ghníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta deich faoin gcéad de na caiteachais toghcháin atá an t-iarrthóir sin i dteideal a thabhú, nó céatadán malartach den mhéid a d'fhéadfaí a aontú i scríbhinn idir an t-iarrthóir agus gníomhaire náisiúnta an pháirtí polaitíochta, a thabhú.

- (a) Sonraí de chaiteachais toghcháin iarrthóirí sannta don ghníomhaire náisiúnta, sa chás nach ndearnadh aon chomhaontú i scríbhinn ina sonraítear céatadán malartach seachas an 10% sannta go huathoibríoch don ghníomhaire náisiúnta

Toghlímistéar Áitiúil	Teorainn Chaithimh an Iarrthóra	10% den Teorainn le Leithdháileadh ar Ghníomhaire Náisiúnta	An Líon Iarrthóirí	Iomlán €
toghlímistéar áitiúil le daonra de níos mó ná 35,000	€15,350	€1,535		
toghlímistéar áitiúil le daonra idir 18,001 agus 35,000	€13,600	€1,360		
toghlímistéar áitiúil le daonra de 18,000 nó níos lú	€11,500	€1,150		
Iomlán				

Ba chóir don ghníomhaire náisiúnta sonraí maidir le hainmneacha iarrthóirí agus na toghlímistéir inar iarrthóirí iad a choinneáil ar fhaitíos go mbíonn siad ag teastáil ón údarás áitiúil sonraithe.

(b) Sonraí de chaiteachais toghcháin iarrthóirí sannta don ghníomhaire náisiúnta, sa chás go ndearnadh comhaontú i scríbhinn ina sonraítear céatadán malartach seachas an 10% atá le sannadh go huathoibríoch don ghníomhaire náisiúnta

Ainm an Iarrthóra	Údarás Áitiúil / Toghlímistéar Áitiúil	Teorainn Chaithimh an Iarrthóra	Méid Sannta do Ghníomhaire Náisiúnta trí Chomhaontú i Scríbhinn €
Iomlán			

Tabhair faoi deara: Más ábhartha, ba chóir don ghníomhaire náisiúnta cóip den chomhaontú i scríbhinn a rinneadh idir an ghníomhaire náisiúnta agus duine ainmnithe a choinneáil ar fhaitíos go mbeadh sí ag teastáil ón údarás áitiúil sonraithe.

6. Sonraí de chomhaontuithe i scríbhinn déanta ag ghníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta a údaraíonn duine ainmnithe chun caiteachas toghcháin a thabhú (ní bhaineann an chuid seo ach le duine ainmnithe páirtí polaitíochta)

Ainm Gníomhaire Náisiúnta	An méid caiteachais toghcháin údaraithe, trí chomhaontú i scríbhinn, ag an ngníomhaire náisiúnta, is féidir leis an duine ainmnithe a thabhú €

Tabhair faoi deara: Más iomchuí, ba chóir don duine ainmnithe cóip den chomhaontú i scríbhinn idir an ghníomhaire náisiúnta agus duine ainmnithe a choinneáil ar fhaitíos go mbíonn a leithéid ag teastáil ón údarás áitiúil.

7. Caiteachas (Leibhéal Náisiúnta)

Míreanna Caiteachais	Costas €
(a) Fógraíocht (is cuma cad é an meán a úsáideadh). San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid d'fhógraíocht tá táillí gníomhaireachta, costais dearaidh agus costais eile a tabhaíodh maidir le hullmhú, táirgeadh, dáileadh nó a leithéid d'fhógraíocht a dháileadh ar shlí eile.	
Fo-iomlán Fógraíochta:	

Míreanna Caiteachais	Costas €
<p>(b) Poiblíocht. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid tá caiteachais a tabhaíodh maidir le craoltaí páirtí polaitíochta, aon seirbhís nó saoráid a sholáthar a bhaineann le preasócáidí nó déileálacha eile leis na meáin, comhairle agus oiliúint agus grianghrafadóireacht a bhaineann leis na meáin.</p>	
Fo-iomlán Poiblíochta:	
<p>(c) Póstaer Toghcháin. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann le hábhar mar seo tá na costais a bhaineann le dearadh, táirgeadh, priontáil, crochadh agus baint anuas póstaer toghcháin.</p>	
Fo-iomlán – Póstaer Toghcháin:	
<p>(d) Ábhar Toghcháin Eile. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid d'ábhar tá dearadh, táirgeadh, priontáil agus scaipeadh a leithéid sin d'ábhar (seachas póstaer), lena n-áirítear cártaí canbhasála, bileoga toghcháin, forógraí toghcháin, nuachtlitreacha agus ábhar poiblíochta toghcháin eile.</p>	
Fo-iomlán – Ábhar Toghcháin Eile:	

Míreanna Caiteachais	Costas €
<p>(e) Oifig agus Stáiseanóireacht. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá costais a tabhaíodh maidir le fáil ar cíós nó úsáid áitribh oifige nó seomraí cruinnithe chun críocha toghcháin (seachas do na críocha a bhaineann le comhdhálacha páirtí bliantúla nó eile) agus na costais a bhaineann le téamh, leictreachas, árachas, ceannach nó fáil ar cíós trealaimh oifige, teileafóin, stáiseanóireacht agus postas.</p>	
Fo-iomlán – Oifig agus Stáiseanóireacht:	
<p>(f) Iompar agus Taisteal. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá caiteachais a tabhaíodh maidir le hiompar agus taisteal (ar aon mhodh), peitreal agus díosal, fáil ar cíós nó úsáid feithiclí feachtais, fáil ar cíós nó úsáid feithiclí chun vótálaithe a iompar ar an lá vótála, costais chóiríochta, seirbhísí tacsáí agus hacnaí agus seirbhísí cúiréara.</p>	
Fo-iomlán – Iompar agus Taisteal:	
<p>(g) Taighde Margaidh. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis an ní sin tá caiteachais a tabhaíodh maidir le pobalbhreith nó suirbhé eile den chineál céanna a bhain le toghchán laistigh de thréimhse 60 lá roimh an lá vótála i dtoghchán ag nó thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra toghcháin.</p>	
Fo-iomlán – Taighde Margaidh:	

Fo-iomlán Fógraíochta:			
Míreanna Caiteachais	Údarás Áitiúil agus Toghlimistéar Áitiúil	Ainm an Iarratasóra	Costas €
<p>(b) Poiblíocht. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid tá caiteachais a tabhaíodh maidir le craoltaí páirtí polaitíochta, aon seirbhís nó saoráid a sholáthar a bhaineann le preasócáidí nó déileálacha eile leis na meáin, comhairle agus oiliúint agus grianghrafadóireacht a bhaineann leis na meáin.</p>			
Fo-iomlán Poiblíochta:			
<p>(c) Póstaer Toghcháin. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann le hábhar mar seo tá na costais a bhaineann le dearadh, táirgeadh, priontáil, crochadh agus baint anuas póstaer toghcháin.</p>			
Fo-iomlán – Póstaer Toghcháin:			

Míreanna Caiteachais	Údarás Áitiúil agus Toghlimistéar Áitiúil	Ainm an Iarratasóra	Costas €
<p>(d) Ábhar Toghcháin Eile. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann lena leithéid d'ábhar tá dearadh, táirgeadh, priontáil agus scaipeadh a leithéid sin d'ábhar (seachas póstaer), lena n-áirítear cártaí canbhasála, bileoga toghcháin, forógraí toghcháin, nuachtlitreacha agus ábhar poiblíochta toghcháin eile.</p>			
Fo-iomlán – Ábhar Toghcháin Eile:			
<p>(e) Oifig agus Stáiseanóireacht. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá costais a tabhaíodh maidir le fáil ar cíos nó úsáid áitribh oifige nó seomraí cruinnithe chun críocha toghcháin (seachas do na críocha a bhaineann le comhdhálacha páirtí bliantúla nó eile) agus na costais a bhaineann le téamh, leictreachas, árachas, ceannach nó fáil ar cíos trealaimh oifige, teileafóin, stáiseanóireacht agus postas.</p>			
Fo-iomlán – Oifig agus Stáiseanóireacht:			

Míreanna Caiteachais	Údarás Áitiúil agus Toghlimistéar Áitiúil	Ainm an Iarratasóra	Costas €
<p>(f) Iompar agus Taisteal. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis na nithe seo tá caiteachais a tabhaíodh maidir le hiompar agus taisteal (ar aon mhodh), peitreal agus dísol, fáil ar cíos nó úsáid feithiclí feachtais, fáil ar cíos nó úsáid feithiclí chun vótálaithe a iompar ar an lá vótála, costais chóiríochta, seirbhísí tacsáí agus hacnaí agus seirbhísí cúiréara.</p>			
Fo-iomlán – Iompar agus Taisteal:			
<p>(g) Taighde Margaidh. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis an ní sin tá caiteachais a tabhaíodh maidir le pobalbhreith nó suirbhé eile den chineál céanna a bhain le toghchán laistigh de thréimhse 60 lá roimh an lá vótála i dtoghchán ag nó thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra toghcháin.</p>			
Fo-iomlán – Taighde Margaidh:			

Míreanna Caiteachais	Údarás Áitiúil agus Toghlimistéar Áitiúil	Ainm an Iarratasóra	Costas €
(h) Oibrithe Feachtais. San áireamh i gcaiteachais a bhaineann leis an ní sin tá íocaíochtaí le hoibrithe feachtais, árachas agus costais eile.			
Fo-iomlán – Oibrithe Feachtais:			
CAITEACHAIS TOGHCHÁIN			
IOMLÁNA TABHAITHE:			

9. Dearbhú reachtúil

NÍ MÓR DON GHNÍOMHAIRE NÁISIÚNTA/DUINE AINMNITHE NÓ TRÍÚ PÁIRTÍ AN DEARBHÚ REACHTÚIL SEO A LEANAS A DHÉANAMH (scrios de réir mar is cuí).

Dearbhaímse,, go sollúnta agus go macánta, go bhfuil an ráiteas thuas, chomh fada agus is eol dom agus mar a chreidim, ceart ó thaobh an ábhair de agus go ndearna mé gach beart réasúnach chun bheith sásta faoina chruinneas. Déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.

Sínithe [gníomhaire náisiúnta/duine ainmnithe/tríú páirtí]

Arna dhearbhú os mo chomhairse [ainm i gceannlitreacha] [nótaire poiblí] [coimisinéir mionnaí] [feidhmeannach síochána] [aturnae cleachtach] ag

..... [ainm an ghníomhaire náisiúnta/duine ainmnithe/tríú páirtí]

a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi,

nó

a cuireadh in aithne dom ag..... a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi,

nó

ar fíoraíodh a chéannacht nó a céannacht dom roimh an Dearbhú seo a thógáil, trí na nithe seo a leanas a thaispeáint dom:

pas uimh. [uimhir phas], a eisíodh ar [dáta eisiithe] ag údaráis [stát eisiúna], atá ina údarás atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann
nó

Uimhir cárta aitheantais náisiúnta.[uimhir cárta aitheantais] a eisíodh ar.....[dáta eisiithe] ag údaráis[stát eisiúna] atá ina ballstát den AE, Cónaidhm na hEilvéise nó ina Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE;

nó

Pas Eachtrannach uimh. (doiciméad is ionann agus pas) [uimhir pas] a eisíodh ar [dáta eisiithe] ag údaráis [stát eisiúna] atá ina údarás atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann

nó

uimh. an doiciméid taistil do dhídeanaithe [uimhir an doiciméid] a eisíodh ar an [dáta eisiithe] ag an tAire Dlí agus Cirt

nó

doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) [uimh. an doiciméid] a eisíodh ar [dáta eisiithe] ag an tAire Dlí agus Cirt

in..... [áit an tsínithe]

an lá seo de [dáta]

.....

[Síniú an fhinné]

PIONÓIS

Duine a dhéanann dearbhú reachtúil bréagach nó míthreorach, go feasach, dlífear ar é nó í ar chiontú, fíneáil nach mó €3,000 a chur air nó uirthi nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon a chur air nó uirthi.

Aguisín 2

Teorainneacha Caithimh Údaráis Áitiúil agus Toghlimistéir Áitiúil

Údarás Áitiúil / Toghlímistéar Áitiúil	Líon Comhaltaí	Daonra (Daonáireamh 2022)	Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024
Ceatharlach	18	56,932	
Ceatharlach	7	22,650	€1,500
Muine Bheag	5	15,630	€9,750
An Tulach	6	18,652	€1,500
An Cabhán	18	76,176	
An Cabhán - Béal Tairbirt	6	25,959	€1,500
Coill an Chollaigh - Muinchille	6	24,415	€1,500
Baile Shéamais Dhuibh	6	25,802	€1,500
Contae an Chláir	28	118,817	
Inis	7	30,910	€1,500
Inis Díomáin	4	16,408	€9,750
Cill Dalua	5	20,108	€1,500
Cill Rois	5	20,994	€1,500
Sionainn	7	30,397	€1,500
Cathair Chorcaí	31	210,853	
Cathair Chorcaí Thoir Thuaidh	6	42,174	€3,000
Cathair Chorcaí Thiar Thuaidh	6	40,181	€3,000
Cathair Chorcaí Theas-Láir	6	38,677	€3,000
Cathair Chorcaí Thoir Theas	6	42,780	€3,000
Cathair Chorcaí Thiar Theas	7	47,041	€3,000
Contae Chorcaí	55	332,015	
Droichead na Bandan - Cionn tSáile	6	37,269	€3,000
Beanntaí - Iarthar Chorcaí	4	22,424	€1,500
Carraig Uí Leighin	6	35,141	€3,000
An Cóbh	6	34,117	€1,500
Mainistir Fhear Maí	6	36,406	€3,000
Ceann Toirc	4	24,935	€1,500
Maigh Chromtha	6	36,844	€3,000
Mala	5	29,157	€1,500
Mainistir na Corann	7	45,441	€3,000
An Sciobairín – Iarthar Chorcaí	5	30,281	€1,500

Údarás Áitiúil / Toghlímistéar Áitiúil	Líon Comhaltaí	Daonra (Daonáireamh 2022)	Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024
Dún na nGall	37	159,192	
Bun Cranncha	5	22,366	€1,500
Carn Domhnach	4	16,964	€9,750
Dún na nGall	6	26,492	€1,500
Na Gleannta	6	23,919	€1,500
Leitir Ceanainn	7	29,791	€1,500
Leifear-Sraith an Urláir	6	25,889	€1,500
Baile na nGallóglach	3	13,771	€9,750
Cathair Bhaile Átha Cliath	63	554,554	
Ard Aidhin-Fionnbhrú	6	51,156	€3,000
Baile Formaid-Droimeanach	5	46,068	€3,000
Baile Munna-Fionnghlas	6	55,010	€3,000
An Chabrach-Glas Naíon	7	58,652	€3,000
Cluain Tarbh	6	54,182	€3,000
Domhnach Míde	5	41,593	€3,000
Camaigh-Ráth Maonais	6	55,861	€3,000
Lár na Cathrach Thuaidh	7	63,612	€3,000
Peambróg	5	45,473	€3,000
Lár na Cathrach Thoir Theas	5	40,603	€3,000
Lár na Cathrach Thiar Theas	5	42,344	€3,000
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	40	218,018	
An Charraig Dhubh	6	33,727	€1,500
Dún Droma	7	37,452	€3,000
Dún Laoghaire	7	40,545	€3,000
Gleann Cuilinn-Áth an Ghainimh	7	36,622	€3,000
Cill Iníon Léinín-Seanchill	7	39,164	€3,000
Stigh Lorgan	6	30,508	€1,500
Fine Gall	40	296,020	
Baile Brigín	5	36,570	€3,000
Baile Bhlainséir-Mullach Eadrad	5	35,304	€3,000
Caisleán Cnucha	6	46,131	€3,000
Binn Éadair-Mullach Íde	7	55,472	€3,000
Ongar	5	35,832	€3,000

Údarás Áitiúil / Toghlímistéar Áitiúil	Líon Comhaltaí	Daonra (Daonáireamh 2022)	Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024
An Ros-Lusca	5	34,674	€1,500
Sord	7	52,037	€3,000
Cathair na Gaillimhe	18	78,668	
Lár Chathair na Gaillimhe	6	26,702	€1,500
Oirthear Chathair na Gaillimhe	6	26,595	€1,500
Iarthar Chathair na Gaillimhe	6	25,371	€1,500
Contae na Gaillimhe	39	179,390	
Baile Átha an Rí-Órán Mór	7	32,833	€1,500
Béal Átha na Sluaighe	6	28,110	€1,500
Tuaisceart Chonamara	4	17,191	€9,750
Deisceart Chonamara	5	21,341	€1,500
An Gort-Cinn Mhara	5	23,505	€1,500
Baile Locha Riach	5	23,219	€1,500
Tuaim	7	33,191	€1,500
Ciarraí	33	147,707	
Daingean Uí Chúis	3	14,181	€9,750
Oileán Ciarraí	4	17,145	€9,750
Neidín	6	25,062	€1,500
Cill Airne	7	29,607	€1,500
Lios Tuathail	6	28,674	€1,500
Trá Lí	7	33,038	€1,500
Cill Dara	40	222,504	
Baile Átha Í	5	26,541	€1,500
Cill Droichid	4	21,529	€1,500
Claonadh	5	28,437	€1,500
Cill Dara	5	25,702	€1,500
Léim an Bhradáin	3	15,957	€9,750
Maigh Nuad	5	29,730	€1,500
An Nás	7	39,126	€3,000
Droichead Nua	6	35,482	€3,000

Údarás Áitiúil / Toghlímistéar Áitiúil	Líon Comhaltaí	Daonra (Daonáireamh 2022)	Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024
Cill Chainnigh	24	99,232	
Callainn-Baile Mhic Andáin	6	25,357	€1,500
Caisleán an Chomair	6	23,581	€1,500
Cill Chainnigh	7	28,951	€1,500
Baile an Phoill	5	21,343	€1,500
Laois	19	84,697	
Buiríos Mór Osraí - Móinteach Mílic	6	24,807	€1,500
An Ghráig - Cúil an tSúdaire	6	28,096	€1,500
Port Laoise	7	31,794	€1,500
Liatroim	18	32,044	
Béal an Átha Mhóir	6	9,862	€9,750
Cora Droma Rúisc	6	11,361	€9,750
Baile Hamaltúin	6	10,821	€9,750
Cathair agus Contae Luimnigh	40	194,899	
Áth Dara – Ráth Caola	6	27,710	€1,500
An Cheapach Mhór – Cill Mocheallóg	7	34,821	€1,500
Oirthear Chathair Luimnigh	7	35,342	€3,000
Tuaisceart Chathair Luimnigh	7	34,714	€1,500
Iarthar Chathair Luimnigh	7	34,896	€1,500
An Caisleán Nua	6	27,416	€1,500
An Longfort	18	40,873	
Baile Uí Mhatháin	6	14,153	€9,750
Gránard	5	10,674	€9,750
An Longfort	7	16,046	€9,750
Lú	29	128,884	
Baile Átha Fhirdhia	6	25,317	€1,500
Droichead Átha – Ceantar Tuaithe	4	17,876	€9,750

Údarás Áitiúil / Toghlímistéar Áitiúil	Líon Comhaltaí	Daonra (Daonáireamh 2022)	Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024
Droichead Átha – Ceantar Uirbeach	6	27,656	€1,500
Dún Dealgan-Cairlinn	6	25,599	€1,500
Deisceart Dhún Dealgan	7	32,436	€1,500
Maigh Eo	30	130,507	
Béal an Átha	6	25,110	€1,500
Béal an Mhuirthead	3	12,600	€9,750
Caisleán an Bharraigh	7	29,992	€1,500
Clár Chlainne Mhuiris	6	27,141	€1,500
Béal Átha na Muice	4	17,286	€9,750
Cathair na Mart	4	18,378	€1,500
An Mhí	40	195,044	
Cill Dhéagláin	6	29,285	€1,500
Ceanannas	7	32,398	€1,500
An Inse-Baile an Bhiataigh	7	34,029	€1,500
An Uaimh	7	34,931	€1,500
Ráth Tó	7	33,206	€1,500
Baile Átha Troim	6	31,195	€1,500
Muineachán	18	61,386	
Béal Átha Beithe-Cluain Eois	5	17,255	€9,750
Carraig Mhachaire Rois- Baile na Lorgan	6	21,436	€1,500
Muineachán	7	22,695	€1,500
Uíbh Fhailí	19	77,961	
Biorra	6	25,476	€1,500
Éadan Doire	6	23,326	€1,500
Tulach Mhór	7	29,159	€1,500
Ros Comáin	18	64,544	
Baile Átha Luain	6	19,979	€1,500
Mainistir na Búille	6	21,831	€1,500
Ros Comáin	6	22,734	€1,500

Údarás Áitiúil / Toghlímistéar Áitiúil	Líon Comhaltaí	Daonra (Daonáireamh 2022)	Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024
Contae Shligigh	18	65,535	
Baile an Mhóta-Tobar an Choire	7	26,731	€1,500
Sligeach-Droim Chliabh	5	17,675	€9,750
Sligeach-An Leathros	6	21,129	€1,500
Baile Átha Cliath Theas	40	278,767	
Cluain Dolcáin	7	46,533	€3,000
Teach na Giúise-Bóthar na Bruíne	5	34,202	€1,500
Leamhcán	5	33,990	€1,500
Baile an Fhalmairigh-Cnoc an Fhuaráin	5	37,453	€3,000
Ráth Fearnáin-Teach Mealóg	7	47,909	€3,000
Lár Thamhlachta	6	43,118	€3,000
Deisceart Thamhlachta	5	35,562	€3,000
Tiobraid Árann	40	159,553	
An Chathair	4	14,717	€9,750
Carraig na Siúire	5	19,440	€1,500
Caiseal-Tiobraid Árann	7	27,382	€1,500
Cluain Meala	6	24,310	€1,500
An tAonach	5	21,373	€1,500
An Port Nua	4	16,355	€9,750
Ros Cré-An Teampall Mór	4	16,594	€9,750
Durlas	5	19,382	€9,750
Cathair agus Contae Phort Láirge	32	116,176	
Dún Garbháin	6	20,497	€1,500
Lios Mór	3	10,724	€9,750
Port Lách-Coill Mhic Thomáisín	5	17,120	€9,750
Trá Mhór-Iarthar Chathair Phort Láirge	6	22,372	€1,500
Oirthear Chathair Phort Láirge	6	22,987	€1,500
Deisceart Chathair Phort Láirge	6	22,476	€1,500
An Iarmhí	20	88,770	
Baile Átha Luain	5	22,692	€1,500

Údarás Áitiúil / Toghlimistéar Áitiúil	Líon Comhaltaí	Daonra (Daonáireamh 2022)	Teorainn Chaithimh Iarrthóra Toghcháin Áitiúla 2024
Cionn Átha Gad	5	21,674	€1,500
An Móta	4	18,444	€1,500
An Muileann gCearr	6	25,960	€1,500
Loch Garman	34	149,722	
Inis Córthaidh	6	27,253	€1,500
Guaire	6	27,351	€1,500
Ros Láir	5	21,275	€1,500
Cill Mhucraise	4	16,725	€750
Ros Mhic Thriúin	6	27,739	€1,500
Loch Garman	7	29,379	€1,500
Cill Mhantáin	32	142,425	
An tInbhear Mór	6	26,185	€1,500
Bealach Conglais	6	26,167	€1,500
Oirthear Bhré	4	17,127	€750
Iarthar Bhré	4	18,404	€1,500
Na Clocha Liatha	6	26,323	€1,500
Cill Mhantáin	6	28,219	€1,500